An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2022



# Clár Ábhair


**Réamhrá an Aire.** 4

**An tArd-Rúnaí Réamhrá.** 6

**Achoimre Feidhmiúcháin.** 8

**Fís, Misean, Luachanna.** 13

**Bord Bainistíochta na Roinne agus Struchtúr na Rannán.** 14

**Cairt Eagrúcháin.** 15

**Ráiteas Straitéis 2021-2023.** 17

Sprioc Straitéiseach 1:
Téarnamh láidir agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach trí ghnó a mhéadú agus poist a mhéadú, acmhainneacht agus nuálaíocht. 18

Sprioc Straitéiseach 2:
Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr a chur chun cinn, maille le poist níos seasmhaí, agus comhionannas inscne san ionad oibre. 28

Sprioc Straitéiseach 3:
Ár dtimpeallacht rialála gnó agus tarraingteacht na hÉireann a fheabhsú mar áit chun gnó a dhéanamh. 32

Sprioc Straitéiseach 4:
Dnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a láidriú agus a mhéadú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe ina dtacaítear le hardchaighdeáin saothair agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh. 38

Sprioc Straitéiseach 5:
An t-aistriú glas a chur chun cinn maidir le cúrsaí fiontraíochta, ag comhlíonadh ár ngealltanais i ndáil le hathrú aeráide. 44

Sprioc Straitéiseach 6:
Roinn atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt ag a bhfuil eiteas láidir i leith seirbhís phoiblí ag stiúradh cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais. 46

**Aguisín 1: Billí a Achtaíodh in 2022** 52

**Aguisín 2: Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2022** 53

**Aguisín 3: Soláthar Poiblí Glas** 56

# Réamhrá an Aire.



Le linn 2022, bhí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar thús cadhnaíochta i bhfreagairt na hÉireann ar na dúshláin a bhaineann leis an bhfiontraíocht a tháinig as an gcogadh san Úcráin agus ar na héifeachtaí a bhí ag paindéim COVID-19. De thoradh na n-imeachtaí sin, a chuir isteach ar shlabhraí soláthair agus a d'fhág boilsciú ag ardú, bhí gá le freagairt leathan, comhleanúnach ó mo Roinn.

Trí chláir nua a sheachadadh go pras, amhail Scéim Ghéarchéim Fiontraíochta na hÚcráine, agus trí thacaíochtaí cuimsitheacha gnó a sheachadadh go leanúnach trínár ngníomhaireachtaí fiontraíochta, bhí muid in ann na héifeachtaí is measa a bhí ag na géarchéimeanna seo a mhaolú do go leor gnólachtaí. Tá an méid sin soiléir i bhfeidhmíocht láidir an gheilleagair náisiúnta in 2022, ina raibh an líon is mó riamh daoine i bhfostaíocht, na leibhéil trádála is fearr riamh, agus Éire fós ar an ngeilleagar is mó fás san AE.

In 2021, leagadh síos sprioc i bPlean Téarnaimh Eacnamaíochta an Rialtais go mbeadh 2.5 milliún duine ag obair faoi 2024. Baineadh an sprioc sin amach agus sáraíodh í in 2022, agus bhí an fhostaíocht i bhfad níos airde ná na figiúirí a bhí ann roimh an bpaindéim. Léirigh Suirbhé R4 2022 ar an Lucht Saothair gur cruthaíodh 68,500 post sa bhliain go R4 2022 agus gur 2.57 milliún an líon iomlán fostaíochta. Tháinig méadú 61,500 ar fhostaíocht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath sa bhliain go R4 2022 (+ 3.5 faoin gcéad).

Rud a chuir leis an gcruthú post seo ab ea obair ár ngníomhaireachtaí fiontraíochta chun an timpeallacht a theastaíonn a chruthú chun go mbeidh rath agus fás ar chomhlachtaí. Thaifead GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla fás láidir post i gcliantchomhlachtaí. Shroich an líon daoine a bhí fostaithe go díreach i gcliaint ilnáisiúnta an GFT in Éirinn 301,475, an leibhéal fostaíochta infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) is airde riamh. Bhí glanmhéadú 10,841 post ag cliantchomhlachtaí Fhiontraíocht Éireann (FÉ). Chabhraigh na hOifigí Fiontair Áitiúla OFÁnna le cliantchomhlachtaí 3,447 post a chruthú i nglantéarmaí.

Is cuspóir lárnach don Roinn i gcónaí é an dé-aistriú glas agus digiteach a dhéanamh, mar a léirítear inár rannchuidiú straitéiseach le Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2023 an Rialtais agus Leas a Bhaint as Digitiú: An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach. Táimid tiomanta do chabhrú le fiontair a lánacmhainneacht dhigiteach a bhaint amach agus gnó a chur ar bun chun na céimeanna is gá a ghlacadh chun astaíochtaí a laghdú agus oibriú i ngeilleagar atá neodrach ó thaobh an haeráide de. In 2022, sheol muid an Ciste um Aistriú Digiteach agus an Ciste um Aistriú Glas chun infheistíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha agus carbóin-neodracha a spreagadh. Cuireann teicneolaíochtaí nua agus gaoth amach ón gcósta deiseanna suntasacha ar fáil d'fhorbairt réigiúnach agus i rith na bliana bunaíodh Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionnainne chun breathnú ar dheiseanna don Iarthar Láir.

Chomh maith le forbairt fiontraíochta, bhí béim láidir ar thosaíochtaí straitéiseacha ar fud na réimsí cearta fostaíochta agus pá oibrithe. Tugadh reachtaíocht isteach chun pá breoiteachta reachtúil a sholáthar, an ceart cianobair a iarraidh, agus cosaint níos fearr a thabhairt d'aiscí san ionad oibre. Thacaigh an Roinn freisin le taighde ón gCoimisiún um Pá Íseal maidir le dul i dtreo pá maireachtála.

Trí ghníomhaíochtaí na n-údarás rialála agus forfheidhmithe faoin Roinn agus trí reachtaíocht agus beartais nua a chur chun cinn, rinneadh dul chun cinn leanúnach i réimsí amhail dlí na gcuideachtaí, dlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí, sláinte agus sábháilteacht, trádáil, cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch. Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus cumhachtaí aige chun sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ba í an bhliain freisin í ar tharla an t-athchóiriú is mó ar dhlí na dtomhaltóirí le 40 bliain nuair a ritheadh an tAcht um Chearta Tomhaltóirí 2022 agus a achtaíodh an reachtaíocht chun úsáid níos mó a bhaint as seirbhís réitigh díobhálacha pearsanta feabhsaithe.

Mar Rialtas, ní dhéanaimid talamh slán dár rathúnas eacnamaíoch. Táimid dírithe ar iomaíochas agus ar a chinntiú gurb í Éire an áit is fearr san Eoraip chun infheistíocht agus fás a dhéanamh don todhchaí. Léirítear é seo sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht, a foilsíodh i mí na Nollag 2022. Leagtar amach sa Pháipéar Bán treo straitéiseach nua don bheartas fiontraíochta sna blianta amach romhainn. Agus an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht á fhorbairt againn, tá Éire curtha ar deil againn chun dul i ngleic leis na dúshláin fiontraíochta agus leas a bhaint as na deiseanna atá romhainn, agus muid ag bogadh i dtreo 2030. Cuirtear san áireamh ann éifeachtaí na paindéime, athruithe sa timpeallacht trádála idirnáisiúnta, leochaileachtaí inár mbonn fiontraíochta, agus an gá atá le gealltanais maidir leis an athrú aeráide agus an t-aistriú digiteach a chomhtháthú sa bheartas fiontraíochta sna deich mbliana amach romhainn. Tá mo Roinn anois i gceannas ar Phleananna Forfheidhmithe dhá bhliain as a chéile a fhorbairt maidir le gníomhaíocht trasrialtais chun gealltanais an Pháipéir Bháin a chur i bhfeidhm, ag díriú ar phríomhthionscnaimh a sheachadadh chun acmhainneacht leanúnach ár mboinn fiontraíochta agus ár margaidh saothair a chinntiú.

Gabhaim buíochas ar leith leis an Dr Orlaigh Quinn agus le foireann uile na Roinne as a gcuid oibre agus a ndúthracht i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le hAirí Stáit na Roinne Dara Calleary TD agus Neale Richmond TD as ucht a dtacaíochta leanúnaí i leith ár gcuspóirí a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Taoiseach Leo Varadkar agus leis na hAirí Stáit Damien English TD agus Robert Troy TD as an méid a rinne siad in 2022.



**Simon Coveney TD**
An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# An tArd-Rúnaí Réamhrá.



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2022, an dara tuarascáil a seachadadh faoinár Ráiteas Straitéise 2021-2023, a chur i láthair. Rinne an Roinn seachadadh láidir i mbliain dhúshlánach eile agus lean sí ar aghaidh ag obair ar ár misean chun lánfhostaíocht ar ardchaighdeáin a choinneáil trí thacú le fiontraíocht inbhuanaithe agus margaí cothroma agus iomaíocha a chur chun cinn chomh maith le dea-chleachtas inár gcuid oibre rialála agus forfheidhmithe.

I rith bliana inar tharla éagobhsaíocht eacnamaíoch dhomhanda shuntasach, d'oibrigh muid chun tacú le cruthú post, nuálaíocht agus chun neartú agus forbairt fiontair Éireannacha a chinntiú ar fud réigiúin uile na tíre. Dá bharr sin, bhí gá le freagairt ghasta ar sheachadadh clár de réir mar a chuaigh gnólachtaí i ngleic le costais fuinnimh a bhí ag ardú, boilsciú praghsanna agus cur isteach ar thrádáil a d'eascair as an gcogadh san Úcráin. D'oibrigh muid lenár ngníomhaireachtaí fiontraíochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo trí scéimeanna nua spriocdhírithe iasachta agus deontais a thabhairt isteach, maoiniú a chur ar fáil chun an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinneamh Gnó a sheoladh agus feachtais ina leagtar béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí a mbíonn tionchar ag costais fuinnimh ardaitheacha orthu.

In ainneoin na ndálaí deacra eacnamaíocha domhanda, ba í 2022 an bhliain ab fhearr riamh do thrádáil na hÉireann agus shroich onnmhairí €545 billiún. D'éirigh le GFT Éireann 242 infheistíocht a fháil, 103 díobh sa tír don chéad uair. Ina theannta sin, chuidigh na tacaíochtaí a chuir ár nGníomhaireachtaí Fiontraíochta ar fáil lena gcliaint breis agus 60,000 post nua a chruthú in 2022, rud a chabhraigh go mór leis an leibhéal dífhostaíochta a laghdú go 4.3% ag deireadh na bliana. Léiríonn ár Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2022 gur 529,144 fostaíocht bhuan lánaimseartha i gcomhlachtaí a fhaigheann cúnamh gníomhaireachta atá ag feidhmiú sna hearnálacha Tionscail agus Seirbhísí in 2022, méadú 7.3% (35,991 post) ar leibhéil fostaíochta 2022.

Choinnigh muid ár rannpháirtíocht shuntasach le páirtithe leasmhara i rith 2022, le cruinnithe rialta de ghrúpaí ar nós an Fhóraim Fiontraíochta, an Fhóraim Miondíola, an Ghrúpa FBM agus Comhlachtaí Stáit, agus na Coistí Stiúrtha Réigiúnacha. Chabhraigh an rannpháirtíocht sin go mór linn straitéisí, beartais agus cláir a fhorbairt, lena n-áirítear naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha nua, an Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht, agus an Straitéis Trádála agus Infheistíochta – Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan. Mar gheilleagar beag oscailte agus domhanda, agus spleáchas mór againn ar thrádáil, lean muid orainn ag plé go hidirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais ar chlár oibre leathan, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus tacaíochtaí nua airgeadais agus comhairleacha do FBManna.

Thug foilsiú an Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht spreagadh úr don Roinn agus fís d'fhiontair atá lonnaithe in Éirinn chun go n-éireoidh léi trí bhuntáiste iomaíoch atá bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus táirgiúlacht chomh maith le poist agus slite beatha fiúntacha a sholáthar. Cinnteoidh ár gcur chuige amach anseo go leanfaidh Éire uirthi ag tógáil ar a cuid láidreachtaí eacnamaíocha i ngeilleagar oscailte le trádáil láidir agus infheistíocht dhíreach choigríche, mol nuálaíochta bríomhar, agus margadh saothair athléimneach.

Beidh an digitiú agus an nuálaíocht ríthábhachtach chun fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó astaíochtaí. I rith na bliana, rinne muid dul chun cinn ar ár gcláir nua uaillmhianacha chun cumas nuálach an gheilleagair a chur chun cinn, lena n-áirítear glaonna nua a sheoladh faoin gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Suaiteacha, Ciste nua um Aistriú Digiteach a sheachadadh le haghaidh infheistíochta i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus tacaíocht leanúnach do thionscnaimh Fhiontraíocht Éireann chun nuálaíocht faoi stiúir fiontair a mhaoiniú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear Construct Innovate a oscailt, an chéad Ionad Náisiúnta Teicneolaíochta don tionscal tógála. Ba dhíol sásaimh dúinn freisin gur ceapadh an chéad Ambasadóir IS in Éirinn chun comhrá náisiúnta a stiúradh maidir le ról na hintleachta saorga inár saol agus chun gnólachtaí a spreagadh glacadh leis an Intleacht Shaorga.

Rinne an Roinn dul chun cinn maith ar ár dtosaíochtaí reachtacha i rith na bliana. Chuir muid clár suntasach reachtaíochta ar fáil ina raibh 6 Acht nua agus leasaithe agus inar achtaíodh 64 Ionstraim Reachtúla. Achtaíodh reachtaíocht chlaochlaitheach maidir le cearta tomhaltóirí, iomaíocht agus forfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí trí na hAchtanna um Chearta Tomhaltóirí, an Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta, agus Na hAchtanna Iomaíochta (Leasú). Chuir muid cearta breise agus feabhsaithe oibrithe ar fáil, lena n-áirítear lá saoire poiblí nua, pá breoiteachta reachtúil, cearta nua maidir le hiomarcaíocht agus cosaint níos fearr ar shéisíní san ionad oibre.

Thacaigh an Roinn leis an tionscnamh Cothromaíocht i gComhair Gnó Níos Fearr chun cothromaíocht inscne i gceannaireacht shinsearach in Éirinn a fheabhsú agus sháraigh ionadaíocht na mban ar fud na mbord uile atá liostaithe go poiblí 30% den chéad uair in 2022. Mar an Roinn a bhí i gceannas ar an Straitéis Náisiúnta um Chianobair, bhí áthas orm freisin ár mBeartas Obair Chumaisc a sheoladh don fhoireann in 2022.

Ós rud é go mbeidh mé ag fágáil na Roinne i mí na Bealtaine 2023, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Bainistíochta, le foireann na Roinne chomh maith le foireann ár n-oifigí agus ár ngníomhaireachtaí as a n-ionchuir thábhachtacha in 2022 agus le seacht mbliana anuas. In am neamhghnách agus dúshlánach, léirigh an fhoireann an tiomantas agus an tsolúbthacht maidir le tacú le gnó agus cloí le seirbhís ardchaighdeáin dár gcustaiméirí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhghleacaithe a chuaigh ar scor i rith na bliana agus buíochas a ghabháil leo as a seirbhís luachmhar.



**An Dr Orlaigh Quinn**
Ard-Rúnaí,
An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta

# Achoimre Feidhmiúcháin.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta 2021-2023 fís chun go mbeidh Éire ar an áit is mó rath i gcúrsaí gnó i ngach réigiún dár dtír, le fiontair bhríomhara, fostaíocht ar ardchaighdeán, trádáil idirnáisiúnta atá ag fás, ionaid oibre chothroma agus táirgiúlacht níos airde. Is í seo an dara Tuarascáil Bhliantúil ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach a chuirfidh ar ár gcumas an fhís sin a fhíorú.

Leagtar amach sé sprioc straitéiseacha inár Ráiteas Straitéise. In 2022, thug an Roinn, i gcomhar lenár nOifigí agus lenár nGníomhaireachtaí, faoi réimse gníomhartha chun gach ceann de na spriocanna sin a bhaint amach, arna n-achoimriú mar seo a leanas:



## Sprioc Straitéiseach 1:
### Téarnamh láidir agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach trí ghnó a mhéadú agus poist a mhéadú, acmhainneacht agus nuálaíocht.

In 2022, lean muid orainn ag tacú le cruthú post trínár ngníomhaireachtaí, agus cruthaíodh an líon is mó post i gcliantchomhlachtaí. Shroich an líon daoine a bhí fostaithe go díreach i gcliaint ilnáisiúnta an GFT in Éirinn 301,475, an leibhéal fostaíochta IDC is airde riamh. Bhí glanmhéadú 10,841 post ag cliantchomhlachtaí Fhiontraíocht Éireann (FÉ). Chabhraigh na OFÁnna le cliantchomhlachtaí 3,447 post a chruthú i nglantéarmaí. Chun cabhrú le dul i ngleic le ganntanais sa mhargadh saothair, phróiseáil ár nAonad Ceadanna Fostaíochta 35,470 iarratas ar chead fostaíochta in 2022 agus laghdaigh muid na hamanna próiseála ó 21 seachtain go seachtain amháin do gach cineál ceada le linn 2022.

An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú) 2022 a achtaíodh i Nollaig 2022 thug sé deis don Aire scéim ráthaíochta ama a chruthú d'iasachtaí do ghnólachtaí a raibh tionchar ag ionradh na hÚcráine orthu. Ina theannta sin, mhéadaigh an tAcht an dliteanas comhiomlán i leith ranníocaíochtaí a gheall an tAire ábhartha do Chorparáid Bhaincéireacht Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) chun seachadadh scéimeanna iasachta FBM amach anseo a mhaoiniú.

In 2022, sheol an Roinn naoi *bPlean Fiontraíochta Réigiúnaí* (PFRanna) nua go dtí 2024 agus chuir sí maoiniú ar fáil chun tacú le tionscnaimh forbartha réigiúnacha tríd an *gCiste um Fhorbairt Fiontair Réigiúnacha agus tríd an gCiste um Fhorbairt Fiontair Teorann*. Ina theannta sin, bunaíodh *Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne* i mí Aibreáin 2022 chun deiseanna forbairt gheilleagrach sa réigiún sin a aithint, agus chun plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Rialtais lena mbaint amach.

Thacaigh muid le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) trí réimse tionscnamh lena n-áirítear an *Fóram Miondíola*, seoladh thuarascáil an *Tascfhórsa FBM* agus fócas méadaithe ar dhigitiú. In 2022, bronnadh maoiniú €9.29 milliún ar 216 miondíoltóir faoin *Scéim Mhiondíola Ar Líne* (ORS).

Bhí an Roinn i gceannas ar fhorbairt na *Straitéise Náisiúnta Digití* (NDS) ina leagtar amach bealach chun an t-aistriú digiteach a thiomáint agus a chumasú ar fud an gheilleagair agus na sochaí. Chun claochlú digiteach fiontar in Éirinn a bhrú chun cinn tuilleadh, seoladh an *Ciste um Aistriú Digiteach*. Ina theannta sin, ceapadh an chéad Ambasadóir IS in Éirinn chun comhrá náisiúnta a stiúradh maidir le ról na hintleachta saorga inár saol agus chun gnólachtaí a spreagadh glacadh leis an Intleacht Shaorga.

Le linn 2022 bhí fócas leanúnach ar chur i bhfeidhm go leor de na príomhghníomhartha do *Straitéis Náisiúnta Spáis an Rialtais, 2019-2025* agus foilsíodh an dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise Spáis i mí na Nollag 2022. Bainistíonn an Roinn an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF). Seoladh an cúigiú glao i mí Aibreáin 2022 inar díríodh ar Ard-Déantúsaíocht agus ar Dhéantúsaíocht Chliste.

I rith 2022, chuaigh muid i dteagmháil le gach roinn Rialtais maidir le príomhcheisteanna agus príomhthosaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar fhiontraíocht, trádáil agus fostaíocht, lena n-áirítear tithíocht, cánachas agus gníomhú ar son na haeráide. I mí na Nollag 2022, sheol muid an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht, ina leagtar amach cur chuige na hÉireann maidir le beartas fiontraíochta don tréimhse go dtí 2030, agus conas a dhéanfaidh an Roinn atá ag obair lena hoifigí agus lena gníomhaireachtaí an fhís a sheachadadh go mbeadh rath ar fhiontair atá bunaithe in Éirinn trí bhuntáiste iomaíoch a bheadh bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus táirgiúlacht a sholáthraíonn poist agus slite beatha fiúntacha.

## Sprioc Straitéiseach 2:
### Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr a chur chun cinn, maille le poist níos seasmhaí, agus comhionannas inscne san ionad oibre.

I mí Eanáir 2022, d'fhorbair an Roinn an Prótacal Idirthréimhseach: *Treoir Dea-Chleachtais chun Leanúint le Cosc a Chur ar Scaipeadh COVID-19* chun cabhrú le gnóthaí srianta sláinte phoiblí a bhaineann le COVID-19 a mhaolú. Athbhreithniú a bhí anseo ar an *bPrótacal um Oibriú go Sábháilte* a léirigh na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime.

Cuireadh tús leis an *Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta (Leasú)*, 2022 i mí Aibreáin 2022 agus chinntigh sé go bhfaighidh fostaithe a cuireadh ar iomarcaíocht le linn COVID-19 an íocaíocht iomlán chéanna amhail is nár scaoileadh leo le linn na paindéime.

Tugadh isteach cearta suntasacha fostaíochta eile i rith na bliana, lena n-áirítear pá breoiteachta reachtúil, an *Ceart chun Cianobair a Iarraidh* do gach oibrí a chomhtháthú sa *Bhille um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha*, cosaint níos fearr ar shéisíní san ionad oibre agus lá saoire phoiblí bhuan nua a bunaíodh mar cheiliúradh ar lá Imbolc/Naomh Bríd. D'fhoilsigh an Mheitheal Ardleibhéil um Chómhargáil a tuarascáil deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Chuir an Roinn an rúnaíocht ar fáil freisin don Choimisiún um Pá Íseal (CPÍ). Le linn 2022, chomh maith lena mholadh bliantúil maidir le ráta cuí an Phá Íosta Náisiúnta, chuir an CPÍ isteach a thuarascáil agus a mholtaí maidir le dul ar aghaidh chuig Pá Maireachtála Náisiúnta.

## Sprioc Straitéiseach 3:
### Ár dtimpeallacht rialála gnó agus tarraingteacht na hÉireann a fheabhsú mar áit chun gnó a dhéanamh.

In 2022 chuir an Roinn clár suntasach reachtaíochta ar fáil chun tacú le húdaráis rialála agus forfheidhmithe a sainorduithe reachtúla a chur i gcrích i réimsí amhail dlí na gcuideachtaí, iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí.

Bunaítear le *hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach)*, 2021, an tÚdarás Forfheidhmithe Corparáidí (ÚFC) mar ghníomhaireacht neamhspleách agus cuireadh tús leis (seachas alt 35), an 6 Iúil 2022. Bunaíodh an ÚFC an 7 Iúil 2022. Chuir an Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí (GADC) a théarma i gcrích i mí na Bealtaine 2022 agus cheap an Tánaiste comhaltaí nua. D'fhaomh an tAire Clár Oibre 2022 – 2024 an GADC freisin. Leanadh den obair sa Choiste um Dhócmhainneacht Chorparáideach ar an topaic ar 'Leachtú Féin-Riartha'.

Achtaíodh an *tAcht Iomaíochta (Leasú)*, 2022 i Meitheamh 2022. Foráiltear leis an Acht d'athchóiriú fhorfheidhmiú na hiomaíochta lena n-áirítear trasuí na *Treorach maidir le ECN+*. Leis an *Acht um Chearta Tomhaltóirí 2022* a achtaíodh i mí na Samhna 2022, déantar dlí conarthach do thomhaltóirí a dhaingniú agus a nuachóiriú. Tugann an tAcht éifeacht do thrí Threoir a dhéileálann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar, conarthaí chun earraí a dhíol agus forálacha a bhaineann le rialacha an Aontais i leith cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus a nuachóiriú níos fearr.

Shínigh an tUachtarán an *tAcht um Bord Réitigh Díobhálacha Pearsanta 2022* ina dhlí an 13 Nollaig 2022. Leasaigh an tAcht an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003-2019 chun méadú ar líon na n-éileamh díobhála pearsanta a éascú a d'fhéadfaí a réiteach trí Bhord Réitigh feabhsaithe gan dul i muinín dlíthíochta. Léirigh an tríú tuarascáil forfheidhmithe ar an *bPlean Gníomhaíochta um Athchóiriú Árachais* a foilsíodh i mí na Samhna 2022 go bhfuil thart ar 90% de na gníomhartha sa Phlean curtha i gcrích agus an chuid eile tosaithe.

## Sprioc Straitéiseach 4:
**Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a dhoimhniú agus a leathnú ar bhealach cóir agus inbhuanaithe ina dtacaítear le hardchaighdeáin saothair agus leis an ngeilleagar uile-oileáin a fhás tuilleadh.**

Lean an Roinn, ár n-oifigí agus ár ngníomhaireachtaí ag tacú le gnólachtaí sa timpeallacht trádála iar-Bhreatimeachta. Chuir muid tacaíochtaí agus comhairle airgeadais ar fáil chun cabhrú leis an gcur isteach a d'eascair as forchur na seiceálacha agus na rialuithe custaim a chuir isteach ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe.

Seoladh Straitéis Trádála agus Infheistíochta nua an *Rialtais Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan* i mí Aibreáin 2022. Is é an sprioc atá aige Éire a fheiceáil ag fás go hinbhuanaithe, margaí onnmhairithe a éagsúlú agus folláine eacnamaíoch leanúnach a chur ar fáil. Tá Comhairle nua Aireachta, trasrialtais, trasghníomhaireachta agus páirtithe leasmhara Trádála agus Infheistíochta ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm na Straitéise.

In 2022 bhí naoi misean trádála agus infheistíochta, á stiúradh ag leibhéal an Tánaiste agus na nAirí chuig tíortha éagsúla, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, Meicsiceo, an Ríocht Aontaithe, Singeapór, agus Ballstáit an AE. Bhí ár ngníomhaireachtaí GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann páirteach sna misin sin. Díríodh ar tharraingteacht na hÉireann mar shuíomh chun gnó a dhéanamh ann, chomh maith le tairiscintí nuálacha agus iomaíocha comhlachtaí Éireannacha a leagan amach do cheannaitheoirí idirnáisiúnta, in earnálacha lena n-áirítear innealtóireacht, tógáil ardteicneolaíochta, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus in eolaíochtaí beatha.

Lean muid lenár rannpháirtíocht ar leibhéal an Aontais a dhoimhniú, lena n-áirítear trí fhreastal na nAirí ar na Comhairlí Trádála, Iomaíochais agus EPSCO. Rinne an fhoireann ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar réimse grúpaí agus coistí meithle de chuid an AE a phléann leis an Margadh Aonair, le dlí na gcuideachtaí, le saincheisteanna tomhaltóirí agus fostaíochta agus rinne siad bainistiú ar rannchuidiú na hÉireann le líonraí eile de chuid an AE, lena n-áirítear Ionad SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

Agus ár bhfeidhmeanna ceadúnaithe agus rialaithe trádála á gcomhlíonadh aici, d'eisigh an Roinn 714 ceadúnas easpórtála in 2022 agus rinne sí líon méadaithe cuairteanna for-rochtana agus comhlíonta de réir mar a cuireadh deireadh le srianta na paindéime.  Bhí muid freagrach as na naoi bpacáiste smachtbhannaí a ghlac an tAontas Eorpach, mar fhreagairt ar chogadh na hÚcráine, ag obair go dlúth le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Lean an Roinn uirthi ag obair leis an Aonad um an Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh chun deiseanna a fhiosrú chun tacú leis an ngeilleagar uile-oileáin agus é a chothú.

## Sprioc Straitéiseach 5:
**An t-aistriú glas a chur chun cinn san fhiontraíocht, agus ár ngealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide á gcomhlíonadh.**

Bhí ionchur suntasach ag an Roinn sa *Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (PGA 23)* agus bhí sí i dteagmháil leis na ranna Rialtais uile chun na bearta a fhorbairt a bheidh le cur i bhfeidhm ag an earnáil fiontraíochta chun astaíochtaí a laghdú de réir na spriocanna atá sa Phlean.

Sheol Fiontraíocht Éireann feachtas idirnáisiúnta *'Ullamh don Todhchaí Ghlas'* a chuir chun cinn nuálaithe glasa na hÉireann atá ag soláthar réitigh inbhuanaithe agus ísealcharbóin chun dul i ngleic le dúshlán na haeráide. Lean na OFÁnna ar aghaidh ag cur dícharbónú gnólachtaí beaga chun cinn trí chlár *Green for Micro*.

Ó seoladh í, lean an Roinn uirthi ag obair le comhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun *An tSraith Uirlisí Aeráide don Ghnó* a chur chun cinn lena dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar a dtionchar aeráide.

Tá sraith beart déanta ag an Roinn freisin chun inbhuanaitheacht a fheabhsú agus a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh inár bhfoirgnimh féin agus ár n-astaíochtaí a laghdú i gcomhréir le spriocanna CBT 23.

## Sprioc Straitéiseach 6:
### Roinn atá nuálach agus sofhreagrúil a thógáil maille le héiteas láidir seirbhís phoiblí a spreagann cur i bhfeidhm beartais atá éifeachtach agus freagrach.

I mí Feabhra, thacaigh an Roinn le filleadh na foirne ar a foirgnimh agus i mí an Mheithimh 2022 d'fhoilsigh sí an *Beartas Obair Chumaisc* againn chun tacú leis an bhfoireann socruithe foirmiúla obair chumaisc a dhéanamh agus chun a chur ar a gcumas iad a dhéanamh.  D'aontaigh an Roinn ráiteas beartais freisin maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Lean Aonad TFC na Roinne ar aghaidh le clár forbairtí seirbhíse chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'obair chianda agus hibrideach. I rith na bliana, lean an Roinn ar aghaidh le clár cibearchosanta mar fhreagairt ar an leibhéal ard leanúnach bagairtí sa chibearspás.

Chuir muid tús le clár chun uasghrádú a dhéanamh ar roinnt iarratais oidhreachta sa Roinn agus ina hoifigí, lena n-áirítear ár seirbhísí Ceadúnaithe Easpórtála agus Ceadanna Fostaíochta agus an Chúirt Oibreachais. Rinne an Roinn uasghrádú mór ar a córais airgeadais freisin chun a chinntiú gur féidir leis na córais sin feidhmiú leo agus tacaíocht iomlán acu.

Bhí bealaí digiteacha na Roinne fós ina bpríomh-mhodh cumarsáide le páirtithe leasmhara. Tháinig méadú 30% ar ár leathanach LinkedIn, fuair ár leathanach Twitter níos mó ná 18 milliún taispeáint agus thaifead ár láithreán gréasáin níos mó ná 3 mhilliún amas. Idir an dá linn, chinntigh ár bhfoireann chumarsáid inmheánach gur fhan ár mbaill  foirne ar an eolas faoi obair agus faoi thionscnaimh na Roinne i rith na bliana.

Choinnigh muid fócas láidir ar shábháilteacht agus ar fholláine na foirne le linn 2022, agus rinne muid obair nuachóirithe agus uasghrádaithe inár bhfoirgnimh. Chinntigh muid freisin gur cloíodh lenár n-oibleagáidí rialachas corparáideach agus comhlíonta, agus lean muid orainn ag cinntiú cur chuige láidir i leith seirbhíse do chustaiméirí. Dhírigh ár bhfoireann Iniúchadh Inmheánach ar rioscaí straitéiseacha, agus ag an am céanna glacadh le socruithe oibre sofhreagrúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

# Fís, Misean, Luachanna.

## Fís

Is í **fís** na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go ndéanfaí d'Éirinn an áit is fearr chun rath a bhaint amach i gcúrsaí gnó, ag soláthar lánfhostaíocht inbhuanaithe agus caighdeáin mhaireachtála níos airde i ngach réigiún sa tír.


## Misean

Is é ár **misean** a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le fostaíocht iomlán ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a chruthú agus a chothabháil ar fud réigiúin uile na tíre trí fhiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar fud an rialtais, trí thacú le bonn gnó iomaíoch chun obair, fiontraíocht, trádáil, nuálaíocht agus infheistíocht a dhreasú agus trí mhargaí cothroma agus iomaíocha a chur chun cinn chomh maith le dea-chleachtas gnó trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a cuid oifigí, agus a gníomhaireachtaí.

## Luachanna

Is iad na **luachanna** atá againn cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead a chothú, atá fréamhaithe in éiteas neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, dhínit agus mheas na seirbhíse poiblí. Mar Státseirbhísigh, tá na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta againn, atá lárnach i gcomhlíonadh ár róil maidir le tacú leis an bpróiseas daonlathach agus le freastal ar an bpobal.

# Bord Bainistíochta na Roinne agus Struchtúr na Rannán.



# Cairt Eagrúcháin.

**An Dr Orlaigh Quinn**
Ard-Rúnaí.

## Pauline Mulligan
Fiontraíocht Dúchais.

- **Colm Forde** – Pleananna agus Tionscnaimh Fiontar Réigiúnacha.
- **Thomas Murray** – Idirchaidreamh agus Fiontraíocht Éireann.
- **Maedhbh Cronin** – Polasaí um Bunathrú Miondíola agus Earnála.
- **Karen Hynes** – Fiontraíocht agus Gnólachtaí Beaga.

## Declan Hughes
Nuálaíochta agus Infheistíochta.

- **Toby Sainsbury** – Déantúsaíocht Amach Anseo Éireann.
- **Emma Jane Morgan** – Cláir Nuálaíochta Fionta.
- **Conor Verdon** – Maoin Intleachtúil agus Idirchaidreamh NSAI.
- **Denise Kennedy** – Infheistíocht Isteach agus Thuaidh/Theas.
- **Céline McHugh** – Polasaí Tógála agus Nuálaíocht Fiontar.

## Jean Carberry
AE, Digiteach agus Rochtain ar Airgeadas.

- **John Dooley** – Gnóthaí AE agus an Margadh Aonair.
- **Fiona Kilcullen** – Rochtain ar Airgeadas.
- **Bernadette Hawkes** – Polasaí Airgeadais don Fhás agus Cúnamh Stáit.
- **Sabha Greene** – Geilleagar Digiteach agus Rialú.
- **Grainne O'Carroll** – Geilleagar Digiteach agus Aonad Rochtana Sonraí.
- **Eadaoin Collins** – Thar Sáile (An Bhruiséil).

## Ronnie Downes
Trádáil.

- **Liam Morris** – Polsaí Trádála.
- **Eamonn Cahill** – Aonad Scagtha Ralaithe agus Ceadúnaithe Trádála.
- **Gearoid O'Keefe** – Cur chun Cinn Trádála agus Infheistíochta.
- **Patrick Rochford** – Thar Sáile (Londain).
- **Anne-Marie Finlay** – Thar Sáile (Beirlín).
- **Clare McNamara** – Thar Sáile (An Ghinéiv).
- **Brian Dalton** – Thar Sáile (Washington).
- **Eugene Lennon** – Thar Sáile (An Bhruiséil).

## David Hegarty
Straitéis Fiontar, Iomaíochta agus Luachála.

- **Dermot Coates** – Polasaí Fiontar agus Cánach.
- **Joseph Cummins** – Polasaí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh.
- **Marcus Breathnach** – Margadh Fostaíochta & Scileanna.
- **Cairen Power** – Sonraí agus Luacháil.
- **John Hughes & Caoimhe Gavin** – Straitéis Fiontar.

## Dermot Mulligan
Rialú Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch.

- **Wendy Gray & Áine Maher** – Polasaí um Chearta Fostaíochta.
- **Dara Breathnach** – Polasaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta.
- **Kevin Daly** – Ceadanna Fostaíochta & Polasaí Imirce Eacnamaíoch.
- **Tara Coogan** – IR, Caidreamh Ionad Oibre, Seirbhís Breithnithe Conarthaí Tógála.
- **Stephen Curran** – Polasaí Sábháilteachta, Slainte agus Ceimiceán.
- **Stephen Curran** – EPSCO, ILO & Comhairle na hEorpa.

## John Newham
Iomaíochas, Tomhaltóirí agus Tráchtáil.

- **Barry McGreal** – Polasaí um Iomaíocht & Cosaint Tomhaltóirí.
- **John Maher** – Forfheidhmiú Dlí Cuideachta agus PIAB.
- **Fiona O'Dea** – Athbhreithniú Dlí Cuideachta.
- **Tara Keane** – Iniúchadh Dlí Cuideachta & Polasaí Cuntasaíochta.
- **John Shine** – Polasaí Cláraithe agus Rialaithe Cuideachtaí.
- **Malachy Quinn** – Iniúchadh Inmheánach.
- **Maureen O'Sullivan** – Cláraitheoir, CRO, RFS, RBO.
- **Tanya Holly** – Comhairleoir Dlí i leith Dlí Cuideachta.

## Harry Lester
Sheirbhísí Corparáideacha.

- **Tracey Murphy** – Acmhainní Daonna & LDU.
- **Cathal O'Gorman** – Airgeadas.
- **Pat McCourt** – TFC.
- **Pat Phelan** – Faisnéis Rialachais agus Tacaíocht Bainistíochta.
- **Cathy Madden** – Cumarsáid.
- **Fergal Cullen** – Seirbhísí Gnó.
- **Aimee Sweeney** – Comhairleoirí Dlí.

# Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne.

**An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**
Department of Enterprise, Trade and Employment

## OIFIGÍ.

**Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Stiúrthóir
Ian Drennan.

**Oifig Mhaoin Intleachtúil na hÉireann**
Rialaitheoir
James Kelly.

**An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**
Cláraitheoir
Maureen O'Sullivan.

**Clárlann na gCara-Chumann**
Cláraitheoir
Maureen O'Sullivan.

**Clár na hÚinéireachta Tairbhiúla**
Cláraitheoir
Maureen O'Sullivan.

**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**
Ard-Stiúrthóir
Liam Kelly.

**An Chúirt Oibreachais**
Cathaoirleach
Kevin Foley.

## GNÍOMHAIREACHTAÍ.

**GFT Éireann**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Martin D. Shanahan.

**Fiontraíocht Éireann**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Leo Clancy.

**An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Geraldine Larkin.

**An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dr Sharon McGuinness.


**An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**
Cathaoirleach
Jeremy Godfrey.

**An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Rosalind Carroll.

**Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann**
PF
Kevin Prendergast.

*An 7 Iúil, 2022, ghlac an tÚdarás Forfheidhmithe Corparáidí feidhmeanna an ODCE.

# Ráiteas Straitéis 2021-2023.



# Sprioc Straitéiseach 1:

Téarnamh láidir agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach trí ghnó a mhéadú agus poist a mhéadú, acmhainneacht agus nuálaíocht.

## Gnó a Mhéadú agus Poist a Mhéadú:

### Páipéar Bán ar Fhiontar 2022-2030.

I mí an Mhárta 2022, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar bheartas fiontraíochta agus, mar thoradh air sin, foilsíodh an *Páipéar Bán ar Fhiontraíocht* i mí na Nollag. Áiríodh leis an bpróiseas forbartha cleachtadh fairsing comhairliúchán poiblí, bunú Comhlacht Comhairleach Idirnáisiúnta agus athbhreithniú ar bheartas fiontraíochta i ngeilleagair bheaga ardfhorbartha eile. Leagtar amach sa Pháipéar Bán an uaillmhian maidir le beartas fiontraíochta don tréimhse go dtí 2030. Is í an fhís atá ann a chur ar chumas fiontar atá lonnaithe in Éirinn rath a bhaint amach trí bhuntáiste iomaíoch atá bunaithe ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus táirgiúlacht, ag soláthar poist agus slite beatha fiúntacha. Chun an fhís sin a bhaint amach, díreoidh an Rialtas ar sheacht gcuspóir tosaíochta beartas fiontraíochta

1. **Dícharbónú agus gealltanais aeráid neodrach a chomhtháthú.** Is iad na spriocanna atá againn laghdú 35% ar astaíochtaí ón Tionsclaíocht faoi 2030 agus laghdú 45% ar astaíochtaí ón Timpeallacht Thógtha Tráchtála faoi 2030.
2. **Claochlú digiteach a chur i gcroílár an bheartais fiontraíochta.** Is é an sprioc atá againn 90% de FBManna ag déine bhunúsach dhigiteach faoi 2030.
3. **An earnáil onnmhairithe faoi úinéireacht na hÉireann a neartú.** Is iad na spriocanna atá againn meánfhás bliantúil 2.5% ar tháirgiúlacht fiontraíochta faoi úinéireacht Éireannach faoi 2024; méadú 50% ar líon na gcuideachtaí móra onnmhairithe Éireannacha faoi 2030; cruthófar 2,000 easpórtálaí breise faoi úinéireacht Éireannach faoi 2030; agus cruthófar os cionn dhá thrian de phoist nua a gheobhaidh cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann idir 2022 agus 2024 lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
4. **Earnálacha trádála áitiúla a chumasú le bheith rathúil.** Is é an sprioc atá againn meánmhéadú bliantúil 1% ar fhás táirgiúlachta ilfhachtóra in earnálacha intíre an gheilleagair faoi 2025.
5. **IDC na hÉireann agus tairiscint luach trádála a chur chun cinn.** Is iad na spriocanna atá againn méadú 20% ar chaiteachas cliant an GFT in Éirinn faoi 2024 agus leath ar a laghad de na hinfheistíochtaí IDC go léir idir 2021 agus 2024 le bheith lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
6. **Dlús a chur le nuálaíocht fiontraíochta.** Is iad na spriocanna atá againn Ollchaiteachas ar T&F go 2.5% den Ollioncam Náisiúnta faoi 2030; agus méadú 20% ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne faoi 2024.
7. **Tógáil ar láidreachtaí agus ar dheiseanna.** Is iad na spriocanna atá againn 5 eagraíocht braisle náisiúnta a bheith á maoiniú faoi Chlár Braislithe Náisiúnta nua faoi 2025; agus gan an dífhostaíocht a bheith níos mó ná pointe céatadáin amháin den ráta dífhostaíochta náisiúnta in aon réigiún.

### Cruthú Post.

In ainneoin dálaí deacra eacnamaíocha domhanda, chuidigh na tacaíochtaí a chuir ár nGníomhaireachtaí Fiontraíochta ar fáil lena gcliaint breis agus 60,000 post nua a chruthú in 2022, rud a chabhraigh go mór leis an leibhéal dífhostaíochta a laghdú go 4.3% ag deireadh na bliana. Léirigh Suirbhé R4 2022 ar an Lucht Saothair gur cruthaíodh 68,500 post sa bhliain go R4 2022 agus gur 2.57 milliún an fhostaíocht iomlán. Tá méadú 61,500 tagtha ar fhostaíocht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath sa bhliain go R4 2022 (+ 3.5 faoin gcéad).

Ba í obair ár ngníomhaireachtaí fiontraíochta a chuir dlús leis an gcruthú post seo tríd an timpeallacht a chruthú a theastaíonn le go mbeidh rath agus fás ar chomhlachtaí onnmhairithe agus ilnáisiúnta. Thaifead GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann (FÉ) agus na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) fás láidir post i gcliantchomhlachtaí. Shroich an líon daoine a bhí fostaithe go díreach i gcliaint ilnáisiúnta an GFT in Éirinn 301,475, an leibhéal fostaíochta IDC is airde riamh. Bhí glanmhéadú 10,841 post ag cliantchomhlachtaí FÉ. Tá 218,178 duine fostaithe ag comhlachtaí FÉ anois.

### GFT Éireann.

Seoladh straitéis an GFT *Téarnamh agus Fás a Spreagadh 2021-2024* go luath i mí Eanáir 2021. Tá an straitéis bunaithe ar chúig cholún idirnasctha – fás, claochlú, réigiúin, inbhuanaitheacht agus tionchar. Tá GFT Éireann ag díriú ar 800 infheistíocht agus ar chruthú 50,000 post sa tréimhse 2021-2024. Tá an straitéis deartha chun líon suntasach post a chruthú agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn, ag díriú ar mhéadú 20% ar chaiteachas cliant chun tionchar na hinfheistíochta dírí coigríche a uasmhéadú.

Bhí feidhmíocht GFT Éireann láidir in 2022 nuair a chruthaigh cliantchomhlachtaí 33,000 post nua comhlán, glanmhéadú de bheagnach 25,000 post bliain i ndiaidh bliana. B'ionann an fhostaíocht iomlán d'Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn ag deireadh 2022 agus os cionn 300,000, an líon is mó daoine riamh fostaithe san earnáil ilnáisiúnta. Tháinig méadú ar an bhfostaíocht iomlán i gcliantchomhlachtaí an GFT sna croí-earnálacha in 2022, méadú 9% go 116,192 i Seirbhísí Faisnéise agus Cumarsáide, méadú 8% go 105,199 i ndéantúsaíocht nua-aimseartha, 5.6% i ndéantúsaíocht thraidisiúnta go 23,658 agus méadú 9% go 56,426 i seirbhísí gnó, airgeadais agus eile. As an 242 infheistíocht nua a rinneadh in 2022, bhí 127 (52%) acu in áiteanna réigiúnacha, agus tháinig fás ar an bhfostaíocht i ngach réigiún sa tír.

### Fiontraíocht Éireann.

Agus fiontraíocht na hÉireann go fóill ag nascleanúint thionchar chaidreamh trádála nua COVID-19 na hÉireann leis an Ríocht Aontaithe agus éifeachtaí an chogaidh san Úcráin, dhírigh Fiontraíocht Éireann in 2022 ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as an athrú agus leanúint orthu a sholáthar fás inbhuanaithe. Chun é sin a chur i gcrích, áiríodh tosaíochtaí straitéiseacha atá dírithe ar leibhéil nuálaíochta a mhéadú trí mhodhanna inbhuanaithe, scálú trí idirnáisiúnú, agus forbairt leanúnach réigiúnach i straitéis nua Fhiontraíocht Éireann, *Ar Thús Cadhnaíochta i nDomhan atá ag Athrú 2022 – 2024* . In ainneoin timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda dheacair, thuairiscigh Fiontraíocht Éireann gur sháraigh cruthú post an sprioc le 218,178 duine fostaithe i gcuideachtaí a fuair tacaíocht agus glanghnóthachan post de 10,841 nó 5% i gcomparáid le 2021. De réir na bhfigiúirí dearfacha post, tháinig méadú ar an bhfostaíocht i ngach réigiún in Éirinn, agus cruthaíodh 64% de na poist nua lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### Oifigí Fiontair Áitiúla.

Is iad na 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁnna) an 'chéad ionad ilfhreastail' chun comhairle agus treoir, cúnamh airgeadais agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo a ngnó féin a thosú nó a fhás. In 2022, chuir na OFÁnna glanmhéadú 3,447 post ar fáil trí chúnamh deontais a sholáthar do mhicrifhiontair, arb ionann é agus an naoú bliain fáis as a chéile. Tá 7,870 cliantchomhlacht i bpunann OFÁ anois, agus iad ag tacú le 37,863 post gaolmhar. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a bhí 84% de na poist nua a cruthaíodh.

## Acmhainneacht, agus Nuálaíocht:

### Ag Freagairt do Chostais Fuinnimh Mhéadai .

Cé gur lean an fhiontraíocht ar aghaidh ag téarnamh ó thionchair iarmharacha na paindéime, chruthaigh ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin ag tús na bliana dúshláin do ghnólachtaí maidir le tionchair ar shlabhraí soláthair agus costais ionchuir mhéadaithe, go háirithe fuinneamh. D'oibrigh an Roinn ar fud an Rialtais chun tacaíochtaí cuí a chur i bhfeidhm do ghnólachtaí go háirithe chun déileáil le costais fuinnimh a bhí ag dul i méid, lena n-áirítear tríd an *Scéim Ghéarchéim Fiontraíochta na hÚcráine agus tríd an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí* (SSTFG).

In 2022, chuir GFT Éireann tús le roinnt scéimeanna nua chun tacú le comhlachtaí i réimsí an dícharbónaithe, an aistrithe dhigitigh, agus chun cur i gcoinne na n-éifeachtaí díobhálacha a bhaineann le costais fuinnimh a mhéadú. Éascaíodh na bearta sin faoin gCiste Náisiúnta Téarnaimh agus Acmhainneachta agus faoi Chreat Ghéarchéim Shealadach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Státchabhair. Tá scéim nua forbartha ag an GFT freisin faoi sholáthar Téarnaimh Inbhuanaithe an Chreata Shealadaigh. Cuirfidh sé sin lena dtairiscint do chliaint mhóra i réimsí an dícharbónaithe agus an aistrithe dhigitigh.

### Scéim Ghéarchéim Fiontraíochta na hÚcráine.

I mí Dheireadh Fómhair 2022 sheol an Roinn *Scéim Ghéarchéim Fiontraíochta na hÚcráine* ar fiú €200 milliún í chun cabhrú le comhlachtaí a bhfuil fadhbanna leachtachta acu agus iad siúd a bhfuil tionchar ag arduithe móra ar chostais fuinnimh orthu. Fuair Coimisiún an AE faomhadh ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2022 chun na critéir a leathnú i gcomhréir le Creat Géarchéime Sealadach leasaithe an Aontais. Faoin Scéim reatha, féadfaidh comhlachtaí incháilithe íosmhéid €20,000 agus uasmhéid €500,000 a fháil, agus suas le €2 mhilliún i gcás gnólachtaí dianfhuinnimh.

### Scéim Shealadach Thacaíochta Fuinnimh do Ghnólachtaí.

Is deontas rialtais é SSTFG atá deartha chun cabhrú le gnólachtaí a bhfuil costais fuinnimh mhéadaitheacha acu. An Roinn Airgeadais a cheap an Scéim agus tá sí á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim. Leithdháiltear maoiniú don Scéim ar vóta na Roinne seo a sholáthraíonn aistrithe laethúla ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tá Córas ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim ag glacadh le hiarratais ón 5 Nollaig 2022, agus tá íocaíochtaí déanta ón 21 Nollaig, d'aistrigh an Roinn €5,506,165.39 milliún san iomlán suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2022.

### Deontas Atosaithe agus Scéim SCGB.

Agus muid ag obair leis na húdaráis áitiúla le linn 2020 agus 2021, cuireadh €685m ar fáil agus tugadh amach os cionn 108,000 deontas tríd an *Deontas Atosaithe* agus tríd an *Deontas Atosaithe Móide*. Chuidigh siad sin leis an gcostas a bhaineann le gnó a athoscailt nó a choinneáil ag feidhmiú agus nascadh arís le fostaithe agus le custaiméirí. Tugadh iniúchadh seachtrach chun críche in 2022, inar luadh gur riaradh an deontas go rathúil. Críochnaíodh iniúchadh seachtrach ar an Scéim Chúnaimh do Ghnólachtaí Beaga le haghaidh COVID-19 (SCGBC), a chuir €20.9 milliún de dheontais ar fáil do bhreis agus 5,500 gnólacht in 2021 agus cinneadh gur riaradh an scéim go rathúil.

### Cabhair Dhaonnúil Éigeandála I gCás Tuilte.

In 2022, chuir an Roinn an scéim um *Chabhair Dhaonnúil Éigeandála i gcás Tuilte* (EHFA) i ngníomh trí huaire trí mheamram chuig an Rialtas, lena n-áirítear an scéim a leathnú ar bhonn aon uaire chuig Comhlachtaí Pobail, Deonacha agus Spóirt a bhí thíos leis an bpléascadh ar an gCraoslach, Contae Dhún na nGall. De ghnáth, soláthraíonn an scéim EHFA ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhaineann le háitribh ghnó agus comhlachtaí pobail, deonacha, spóirt a thabhairt ar ais chuig a riocht réamh-thuilte, lena n-áirítear urláir, daingneáin agus feistis agus stoc damáistithe a athsholáthar. Ba iad Corcaigh agus Loch Garman na contaetha eile a fuair cabhair ón scéim seo in 2022.

## Scéim Mhiondíola Ar Líne.

Forbraíodh an *Scéim Mhiondíola Ar Líne* mar fhreagairt ar riachtanas aitheanta chun cumas ar líne na hearnála miondíola a fhorbairt. Bhí comhlachtaí a raibh láithreacht ar líne acu cheana incháilithe le haghaidh maoiniú faoin scéim. Le linn 2022, seachadadh an ceathrú Glao ar an Scéim Mhiondíola Ar Líne le buiséad iomlán de €9.2 milliún agus bhain 216 miondíoltóir as gach cearn den tír tairbhe aisti:

## Tacú Le FBManna

Thacaigh an Roinn le FBManna trí réimse de thionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2022:

- Rinneadh athbhreithniú agus feabhsú ar shuíomh gréasáin **supportingsmes.gov.ie** chun faisnéis agus tacaíocht níos úsáidí a chur ar fáil.
- Tháinig **an Fóram Fiontraíochta**, faoi chomhchathaoirleacht an Tánaiste Leo Varadkar TD mar Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus an tArd-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, le chéile ceithre huaire le linn 2022. Bunaíodh an Fóram Fiontraíochta ar dtús chun impleachtaí na Breatimeachta a phlé ach le déanaí baineadh úsáid fhorleathan as an bhFóram le haghaidh rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara le haghaidh ghéarchéim COVID-19, dúshláin Dhomhanda eile, agus saincheisteanna straitéiseacha breise a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí fiontair ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Thug an **Tascfhórsa FBM & Fiontraíochta:** faoi chathaoirleacht an dá Aire Stáit tuarascáil don Rialtas i mí na Nollag maidir leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh i ndáil leis na deich ngníomh tosaíochta a chur i bhfeidhm a aithníodh ón bPlean Náisiúnta Fáis FBM agus Fiontraíochta.
- Lean **Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann** (CDCÉ) uirthi a chur tacaíocht ar fáil do dhearthóirí agus do dhéantóirí chun a ngnólachtaí a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe. Maoiníonn an Roinn gníomhaíochtaí CDCÉ trí Fhiontraíocht Éireann. Cuidíonn an maoiniú leis na hearnálacha dearaidh agus ceardaíochta níos mó díolacháin easpórtála agus deiseanna ioncaim ar líne a fhorbairt agus a ghiniúint agus a n-éagsúlú sa mhargadh a mhéadú.
- Ar leibhéal an AE, lean an Roinn ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach mar bhall de **Líonra Toscaire FBM** maidir le saincheisteanna amhail tacaíochtaí do FBManna le linn na géarchéime fuinnimh, digitiú FBManna agus rochtain ar mhaoiniú.
- Bhí an Roinn ina rannpháirtí gníomhach arís ag Coiste ECFE um FBManna agus Fiontraíocht (CFBMF).
- D'oibrigh an Roinn leis an ECFE chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí le déanaí in oiliúint fiontraíochta agus ar na himpleachtaí d'fhiontraíocht chuimsitheach in Éirinn. Cuireadh an tuarascáil ina dhiaidh sin faoi bhráid an Rialtais agus roinnt gníomhartha tosaíochta le cur i bhfeidhm.
- Tá dul chun cinn déanta ag ÚCNÉ (an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann) maidir lena gcolúin tosaíochta chun tacú le fás FBManna agus Aistriú Eolais le hUirlisí Nua Measúnaithe Ullmhachta a seoladh le haghaidh ISO 9001 agus ISO 27001 ag díriú ar FBManna nár deimhníodh riamh roimhe seo, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara níos dírithe agus béim níos mó ar sheimineáir ghréasáin agus ar ábhar faisnéise.

## Forbairt Gheilleagrach Inbhua:

### Tionscnamh CSR.

*Foilsíodh Seiceáil FSC 2020*, an tríú tuarascáil agus an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn maidir le l *dTreo Gnó Freagrach - Plean Náisiúnta na hÉireann maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach 2017-2020*, i mí Aibreáin 2022. Chuir foilsiú *Seiceáil FSC 2020* bailchríoch ar thionscnamh FSC agus ar obair Fhóram Geallsealbhóirí FSC. Tá faisnéis chartlannaithe sa Csrhub.ie faoi thionscnamh FSC le linn 2014-2022. Áirítear ann an dá Phlean Náisiúnta maidir le FSC, tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir leis an dara plean, cás-staidéir, ailt, miontuairiscí ó chruinnithe Fhóram Geallsealbhóirí FSC agus go leor eile.

### Clár Síolchiste Nuálaíochta na hÉireann.

Gealladh i gClár an Rialtais go bhfeabhsófaí agus go n-athchóireofaí ról an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP), agus é mar aidhm uileghabhálach go réiteofaí níos mó cásanna trí chóras BMDP. Shínigh an tUachtarán an *Bille um an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, 2022* ina dhlí an 13 Nollaig 2022. Leasaíonn an tAcht sin an *tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta* 2003-2019 ionas go mbeidh mhéadú ar líon na n-éileamh díobhála pearsanta a d'fhéadfaí a réiteach trí Bhord Réitigh feabhsaithe gan dul i muinín dlíthíochta. Leasaíonn an tAcht freisin an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003-2019 ionas gur féidir leis an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta:

- idirghabháil a thairiscint mar mhodh chun éileamh a réiteach,
- am breise a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar éilimh i gcás ina bhfuil díobháil fós le socrú seachas scaoileadh le dlíthíocht,
- cruthúnas céannachta a lorg ar iarratas agus faisnéis a nochtadh don Gharda Síochána chun calaois a laghdú,
- a róil anailíse agus faisnéis phoiblí a dhoimhniú.

### Bille na gComharchumann, 2022.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí go luath in 2022 chun bonn eolais a chur faoi thabhairt chun críche Scéim Ghinearálta Bhille na gComharchumann. Leis an Scéim Ghinearálta a foilsíodh i mí na Samhna 2022, tugadh isteach creat dlíthiúil nua-aimseartha a chuirfidh an tsamhail chomhoibríoch ar bhonn dlí níos fabhraí, rud a chruthóidh cothrom na Féinne le comhlachtaí agus a spreagfaidh breithniú ar an tsamhail chomhoibríoch mar rogha fhoirmithe tharraingteach d'fhiontraithe agus do ghníomhaíochtaí sóisialta agus pobail freisin. Fuarthas cead ón Rialtas i mí na Samhna tús a chur le dréachtú an Bhille. Cuireadh tús le grinnscrúdú réamhreachtach ar an reachtaíocht atá beartaithe ag an gComhchoiste Oireachtais um Fhiontraíocht, Trádáil agus Fostaíocht i mí na Nollag 2022.

## Treoracha/Rialacháin an AE:

### Rialachán Lena Mbunaítear Ionstraim Éigeandála Margaidh Aonair agus Lena N-Aisgheartar Rialachán (CE) 2679/98.

Foilsíodh an Rialachán atá beartaithe i Meán Fómhair 2022. Is é is cuspóir leis struchtúr rialachais láidir, solúbtha a sholáthar, chomh maith le bosca uirlisí spriocdhírithe, chun feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair a chinntiú in aon chineál géarchéime amach anseo. Thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí ar an togra le linn 2022 agus rinne sí ionadaíocht ar sheasamh na hÉireann ag meithleacha AE ag céimeanna tosaigh na caibidlíochta.

### Gníomh an AE um Shliseanna.

Mhol an Coimisiún Eorpach Acht an AE um Shliseanna i mí Feabhra 2022. Is é is cuspóir leis an Rialachán éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú, slándáil soláthair leathsheoltóirí an AE a mhéadú agus margaí nua a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí Eorpacha ceannródaíocha.

Chuaigh an Roinn i mbun comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí ar an togra le linn 2022 agus rinne sí ionadaíocht ar sheasamh na hÉireann ag an Meitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionscal) i gComhairle an Aontais Eorpaigh le linn an phróisis chun an Cur Chuige Ginearálta deiridh a fhorbairt ar ghlac an Chomhairle Iomaíochais leis i mí na Nollag 2022.

### An tAcht um Margaí Digiteacha (DMA).

Tháinig *An tAcht um Margaí Digiteacha (DMA) (Rialachán (AE) 2022/1925)* i bhfeidhm i Samhain 2022. Beidh feidhm aige maidir le gnóthais mhóra a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha atá ainmnithe mar "gheatóirí" agus rialaíonn sé cleachtais áirithe chun leibhéal níos airde iomaíochta a chinntiú i margaí digiteacha na hEorpa.

Bhí an Roinn páirteach go gníomhach leis an togra le linn 2022, ag déanamh ionadaíochta ar sheasamh na hÉireann ag meithleacha AE. Rinne páirtithe leasmhara ar fud an rialtais, an tionscail agus na sochaí sibhialta ionchur ann. Cuirfear an Rialachán i bhfeidhm in Éirinn le linn 2023.

### An tAcht um Shonraí.

D'fhoilsigh an AE a thogra le haghaidh Rialachán an Achta Sonraí i bhFeabhra 2022 mar phríomhchrann taca de Straitéis Sonraí an AE. Le chéile, tá an tAcht um Shonraí agus tionscnaimh an Achta um Rialachas Sonraí a comhaontaíodh roimhe seo beartaithe chun acmhainneacht eacnamaíoch agus shochaíoch na sonraí agus na dteicneolaíochtaí a scaoileadh.

Tá sé mar aidhm ag an Acht um Shonraí cur chuige comhordaithe a chruthú maidir le húsáid sonraí trasna earnálacha agus soiléiríonn sé cé atá in ann luach a chruthú ó shonraí agus faoi na coinníollacha inar féidir leo sin a dhéanamh. Thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí ar an dréacht mar chuid dá rannpháirtíocht le geallsealbhóirí as ar eascair forbairt sheasamh na hÉireann le haghaidh caibidlíochta ag meitheal oibre an AE. Thug páirtithe leasmhara ar fud an rialtais, an tionscail agus na sochaí sibhialta a gcuid tuairimí. Tá caibidlíocht ar siúl ag Meitheal Oibre Chomhairle an AE.

### An tAcht um An Intleacht Shaorga.

Foilsíodh an togra AE le haghaidh rialacháin ar a dtugtar An tAcht um an Intleacht Shaorga i mí Aibreáin 2021 agus leagtar amach ann rialacha comhchuibhithe maidir le forbairt a dhéanamh ar chórais AI, a chur ar an margadh agus a úsáid san Aontas. Leanann sé cur chuige comhréireach riosca-bhunaithe ina gcuirtear cosc ar chleachtais áirithe AI atá thar a bheith díobhálach mar chleachtais a sháraíonn luachanna an Aontais, fad a mholtar srianta agus cosaintí sonracha i ndáil le réimsí áirithe ardriosca.

Is é is cuspóir leis an rialachán cosaint cearta bunúsacha agus sábháilteacht úsáideoirí a chinntiú, chomh maith le muinín i bhforbairt agus glacadh AI, agus ar an dóigh sin feabhas a chur ar infheistíocht agus nuálaíocht an AE. Aimsíodh cur chuige ginearálta ag Comhairle an AE i mí na Nollag 2022 agus cuirfear tús le caibidlíochtaí tríphháirteacha in 2023.

### An Treoir um Dhliteanas um Intleacht Shaorga.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chuid tograí don *Treoir um Dhliteanas um Intleacht Shaorga* ar an 28 Meán Fómhair 2022. Tá caibidlíocht ar siúl ag Meitheal Oibre Chomhairle an AE ó Dheireadh Fómhair 2022 agus tá an chéad léamh den dréacht-treoir déanta anois.
Is é is cuspóir leis an togra feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir le gnéithe áirithe de dhliteanas sibhialta neamhchonarthach i leith damáiste a dhéantar ach córais AI á n-úsáid. Chuir an Roinn tús le comhairliúchán poiblí ar an dréacht-treoir thábhachtach seo i mí na Nollag 2022 ag lorg thuairimí na bpáirtithe leasmhara agus druideadh in Eanáir 2023 é.

### Rialachán um Chosaint Tásc Geografach do Tháirgí Ceardaíochta agus Tionscail.

I Mí Aibreán 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Rialachán lena mbunaítear cosaint tásc geografach (GI) do tháirgí ceardaíochta agus tionscail. Bunaítear cearta maoin intleachtúil le haghaidh táirgí a bhfuil a gcáilíochtaí, a gcáil nó a saintréithe eile nasctha go sonrach lena mbunús geografach. Rinne an Roinn comhairliúchán poiblí ar an togra in 2022 agus rinne sí ionadaíocht ar sheasamh na hÉireann ag meithleacha na Comhairle le linn an phróisis caibidlíochta ar an gCur Chuige Ginearálta deiridh ar ghlac an Chomhairle Iomaíochais leis i mí na Nollag 2022. Rachaidh an Cur Chuige Ginearálta ar aghaidh chuig an gcaibidlíocht thríphháirteach in 2023.

### Athbhreithniú ar Acquis Dearaidh Tionsclaíoch an AE.

I mí na Samhna 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach pacáiste athchóirithe maidir le dearadh tionsclaíoch a chosaint, arb é atá ann Treoir agus Rialachán lena leasaítear reachtaíocht reatha an AE maidir le dearaí tionsclaíocha. Is é is cuspóir leis an bpacáiste athchóirithe reachtaíocht deartha an AE atá ann cheana a nuachóiriú, foráil a dhéanamh do chomhchuibhiú níos fearr ar dhlíthe agus nósanna imeachta na mBallstát, agus ceart dearadh aonadach an AE a chuíchóiriú, chun é a dhéanamh níos inrochtana agus níos éifeachtúla do ghnólachtaí. Déanfar caibidlíocht maidir leis an Treoir agus an Rialachán atá beartaithe i Meitheal Oibre na Comhairle ar Mhaoin Intleachtúil ar feadh 2023.

### Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceart Athdhíola Ealaíontóra) (Leasú), 2022 (S.I. Uimh. 375 de 2022).

Mar gheall ar *Ceart Athdhíola an Ealaíontóra* is féidir le cruthaitheoirí saothar bunaidh na healaíne amhairc agus plaistigh, trí chóras íocaíochtaí ríchíosa, leas a bhaint as na saothair sin a athdhíoltar nuair a dhíoltar iad tríd an margadh ealaíne gairmiúil. Déanann na Rialacháin seo, a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2022, leasú breise ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach *(Ceart Athdhíola Ealaíontóra)* 2006.

### Treoir Maidir le Creataí um Athstruchtúrú Coisctheach, Maidir le Dícháiliú agus Maidir le Hurscaoileadh Fiachanais.

Féachtar le Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lenar glacadh i mí an Mheithimh 2019, le gnéithe de dhlíthe náisiúnta dócmhainneachta a chomhchuibhiú do chomhlachtaí agus do dhaoine aonair araon. Tá sé dírithe ar chreat athstruchtúraithe 'coisctheach', ar an dara seans/ tús úr do 'fhiontraithe' agus ar éifeachtúlacht an athstruchtúraithe

agus na dócmhainneachta a fheabhsú. Síníodh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coisctheach) 2022 lena dtrasuítear na heilimintí dócmhainneacht chorparáideach den Treoir um Athstruchtúrú Coisctheach i mí Iúil 2022.

### Treoir Maidir le Huirlisí agus Próisis Dhigiteacha a Úsáid i Ndlí na gCuideachtaí.

Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl go raibh sé beartaithe aige togra eile a fhoilsiú i R1 2023, de bhun comhairliúchán poiblí a reáchtáladh idir Nollaig 2021 agus Aibreán 2022, lena leathnófar úsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí.

### An Treoir Shoghluaiseachta Maidir le Hathruithe, Cumais agus Rannán Trasteorann.

Glacadh *an Treoir (AE) 2019/2121* lena leasaítear *Treoir (AE) 2017/1132* maidir le hathruithe, cumaisc agus rannáin trasteorann an 27 Samhain 2019. Sheol an Roinn comhairliúchán poiblí maidir le roghanna na mBallstát i mí Lúnasa 2020.

Tá sé mar aidhm leis an Treoir éascaíocht a dhéanamh ar shoghluaisteacht chomhlachtaí laistigh den AE trí rialacha comhoiriúnaithe, cinnteacht dlí agus nósanna imeachta comhchoiteanna a chur ar fáil i ndáil le measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí trasteorann linn cosaintí cuí a chur ar fáil do shaoránaigh, ar nós: fostaithe, creidiúnaithe, agus scairshealbhóirí mionlaigh.
Is é an 31 Eanáir 2023 spriocdháta trasuímh na Treorach. Chuir an Roinn Dréacht-Rialacháin faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte lena socrú i mí na Nollag 2021.

### Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Glacadh. i mí na Nollag 2022 le *Treoir (AE) 2022/2464* a leasaigh a *Rialachán Iniúchta (AE) Uimh 537/2014, Treoir um Thrédhearcacht 2004/109/EC, Treoir Iniúchta 2006/43/EC, agus Treoir um Chuntasóireacht 2013/34/EU.2013/34/EU.* Cuspóir é de chuid ceann de na gníomhaíochtaí Mhargadh Glas na hEorpa, agus díríonn sé ar fheabhsúchán suntasach a dhéanamh ar nochtuithe comhlachtaí maidir le cúrsaí comhshaoil, sóisialta, ceart daonna, agus cúrsaí rialachais.

Airítear ar chomhlachtaí a bhfuil raon feidhme acu na comhlachtaí móra agus na heintitis mhóra leasa phoiblí go léir (bainc, gnóthais árachais, comhlachtaí liostaithe ar phríomhmhargadh san AE) agus FBManna liostaithe (seachas micrifhiontair liostaithe). Tuairisceoidh comhlachtaí go bliantúil sa tuarascáil bhainistíochta/stiúrthóirí de réir caighdeáin shainordaitheacha dar teideal Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (ESRS) atá le forbairt ag an nGrúpa Comhairleach um Thuairisciú Airgeadais Eorpach (EFRAG). Tá trasuíomh le déanamh ar 6 Iúil 2024 agus cuirfear roinnt gnéithe i bhfeidhm faoi 1 Eanáir 2024.

### Togra le Haghaidh Treorach Ón AE Ar Bhuanú Corparáideach Dícheall Cuí.

Is é is cúis leis an togra seo oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí a chruthú ar chomhlachtaí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dhíobhálacha ionchasacha ar an gcomhshaol agus ar chearta an duine a eascraíonn as a gcuid oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus a slabhra gníomhaíochtaí. I ndiaidh gur foilsíodh an togra i mí Feabhra 2022, chuaigh an chaibidlíocht ar aghaidh ar leibhéal na mBallstát ar feadh na bliana, agus mar thoradh air sin comhaontaíodh cur chuige ginearálta ag an gComhairle Iomaíochais i mí na Nollag 2022.
Táthar ag súil go gcomhaontófar Treoir chríochnaitheach faoi dheireadh 2023, i ndiaidh caibidlíochta leis an gComhairle Eorpach.

### Treoir Ó Phairlimint na hEorpa agus Ón gComhairle lena gComhchuibhítear Gnéithe Áirithe den Dlí Dócmhainneachta.

Foilsíodh an *Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta (2022/0408)* i mí na Nollag 2022. Is é is cuspóir leis an Togra seo rialacha dócmhainneachta a chomhchuibhiú, agus é mar phríomhchuspóir iad a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí d'fhonn tuilleadh infheistíochta trasteorann a éascú. Tá sé mar chuid de thionscnamh níos leithne Aontas Margaí Caipitil an AE atá ceaptha chun comhtháthú airgeadais agus eacnamaíoch a chur chun cinn ar fud an AE. In 2022, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Togra agus ullmhú don idirbheartaíocht a tharlóidh in 2023.

### Treoir Ó Pharlaimint na hEorpa agus Ón Gcomhairle Maidir le Struchtúir Scaireanna Ilvóta i gComlachtaí a Lorgaíonn a Scaireanna a Cheadú Chun Trádála ar Mhargadh Fáis FBManna.

I mí na Nollag 2022 chuir an Coimisiún Eorpach bearta ar aghaidh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Aontas Margaí Caipitil an AE atá deartha chun comhtháthú airgeadais agus eacnamaíoch a chur chun cinn ar fud an AE. Tá an togra seo le haghaidh *Treorach maidir le Struchtúir Scaireanna Ilvóta i gCuideachtaí a lorgaíonn a Scaireanna ar Mhargadh Fáis FBManna a cheadú chun Trádála* mar chuid de phacáiste an Choimisiúin um Ghníomh Liostú, sraith beart atá ceaptha chun rialacha liostaithe a shimpliú agus a fheabhsú, go háirithe do FBManna, gan cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh a chur i mbaol. In 2022, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Togra agus ullmhú le haghaidh caibidlíochta a tharlóidh le linn 2023.

### Treoir Maidir le Tuairisciú Faisnéise Poiblí de Réir Tíre.

Glacadh *Treoir (AE) 2021/2101* lena leasaítear *Treoir (AE) 2013/34* maidir le nochtadh faisnéise cánach ag gnóthais agus brainsí áirithe i mí na Samhna 2021. Ceanglaítear leis an Treoir fiontair ilnáisiúnta (cé acu atá a gceanncheathrú san AE nó lasmuigh de bhunáit, fochuideachta, nó brainse san AE) agus eintitis neamhspleácha a bhfuil ioncam comhdhlúite os cionn €750 milliún acu le haghaidh gach ceann den dá bhliain airgeadais as a chéile chun faisnéis íocaíochta cánach corparáidí a fhoilsiú (lena n-áirítear sonraí maidir le hioncam, líon na bhfostaithe agus méid na cánach a íocadh) . Tá an trasuí le déanamh ar an 22 Meitheamh 2023. Chuir an Roinn Dréacht-Rialacháin faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte lena socrú i mí na Samhna 2022.

### Treoir ECN+ A Thrasuí Tríd an Acht um Iomachas 2022.

Trasuíodh an Treoir trí reachtaíocht phríomha i mí an Mheithimh 2022. Forálann an fhorbairt thábhachtach seo go bhféadfaidh Údaráis Inniúla dlí na hiomaíochta a fhorghníomhú trí 'smachtbhannaí riaracháin' .i. gan dul tríd an gcóras cúirteanna. Chun cur chuige comhleanúnach a chinntiú maidir le dlí na hiomaíochta, cuireann an tAcht réimeas aonair i bhfeidhm chun an dlí AE agus náisiúnta a shárú. Forálann an reachtaíocht gur féidir leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) agus ComReg (ar 'Údarás Inniúil' ainmnithe é freisin) painéal ar leith d'oifigigh bhreithnithe a bhunú chun pionóis a chinneadh i leith sáruithe ar an dlí de bhun imscrúduithe arna ndéanamh ag ceachtar comhlacht.

### Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Chun Praghsanna Táirgí A Thaispeáint) (Leasú) 2022.

Is é is cuspóir leis na Rialacháin um thásca praghais, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2022, na rialacha maidir le fógraíocht díolacháin a dhéanamh níos doichte agus gnólachtaí a chosc ó thomhaltóirí a chur amú agus laghduithe praghsanna á gcur in iúl acu agus a chinntiú go bhfuil éilimh lascaine trédhearcach agus fíor. Ní mór praghas an táirge roimhe sin a áireamh in aon laghdú praghais a fhógraítear anois. Ina theannta sin, ní mór go mbíonn an táirge ar fáil ag an bpraghas níos luaithe sin le linn an 30 lá roimhe sin.

### Trasuíomh Theoir an AE Ar Ghníomhaíochtaí Ionadaíocha.

I mí an Mhárta 2022, tharchuir an tAire *Scéim Ghinearálta an Bhille um Ghníomhaíochtaí Ionadaíocha chun Leasanna Comhchoiteanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2022* chuig an gComhchoiste um Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht lena iarraidh go gcuirfí tús le grinnscrúdú réamhreachtach. Ceadóidh an reachtaíocht do thríú páirtí (nach bhfuil baint aige le caingean dlí) ionadaíocht a dhéanamh ar ghrúpa tomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh. Ba é an 25 Nollaig 2022 an spriocdháta le haghaidh trasuímh. Fuarthas Tuarascáil Ghrinnscrúdú Réamhreachtaíochta an Chomhchoiste an 2 Nollaig 2022. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Bille go luath in 2023.

## Forbairtí Intíre:

### Cur i Bhfeidhm na Tástála FBM.

Is uirlis measúnaithe tionchair rialála í an Tástáil FBM a spreagann lucht déanta beartas ar fud an Rialtais chun an tionchar a bheidh ag aon rialacháin nó dlíthe nua ar FBManna a mheas. In 2022 bhunaigh an Roinn seo líonra tras-Rialtais chun oiliúint agus tacaíocht a sholáthar do Ranna ar chur i bhfeidhm na Tástála. Faoi dheireadh 2022 bhí an tástáil curtha i bhfeidhm ag sé Roinn Rialtais, rud a sháraigh an sprioc a comhaontaíodh faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta.

### Plean Gníomhaíochta Um Athchóiriú Árachais.

D'fhoilsigh Foghrúpa an Choiste Comh-Aireachta ar Athchóiriú Árachais, a bhfuil an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Leo Varadkar TD ina chathaoirleach air, an tríú tuarascáil cur chun feidhme den Phlean Gníomhaíochta um Athchóiriú Árachais i mí na Samhna 2022. Leag an Plean amach 66 gníomh ar fud an Rialtais chun earnáil an árachais in Éirinn a dhéanamh ina hearnáil níos iomaíche agus níos cairdiúla don tomhaltóir, ag tacú le fiontraíocht agus cruthú post. Léiríodh sa tuarascáil go bhfuil thart ar 90% de ghníomhaíochtaí an Phlean curtha i gcrích agus na cinn eile tionscanta.

### Gnó Freagrach.

Tá saincheisteanna maidir le gnó freagrach ag éirí níos tábhachtaí d'fhiontair, agus bhí tionchar méadaitheach aige seo ar shruthanna oibre éagsúla ar fud na Roinne. Tá tionscnaimh bheartais á leathadh amach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar raon leathan de shaincheisteanna idirghaolmhara faoin réimse seo. Bunaíodh Grúpa Teagmhála do Ghnó Freagrach i mbliana chun cur chuige comhleanúnach, comhsheasmhach agus comhordaithe a chur chun cinn ar fud na Roinne.

## Tacaíocht Rúnaíochta:

### Grúpa Athbhreithnithe An Dlí Cuideachta.

Is sainghrúpa comhairleach reachtúil é an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta (CLRG) a bhfuil sé de chúram air comhairle a chur ar an Aire ar dhlí na gcuideachtaí. Feidhmíonn sé ó chlár oibre 2 bhliain, arna chinneadh ag an Aire, agus cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil.

Tháinig deireadh le téarma ballraíochta 2018-2022 i mBealtaine 2022, agus cheap an Tánaiste ballraíocht nua i mí Mheán Fómhair agus leanfaidh téarma na ballraíochta go dtí Bealtaine 2026. Cheadaigh an tAire *Clár Oibre 2022-2024 an CLRG* freisin. I mí na Bealtaine 2022 chuir an Grúpa a thuarascáil faoi bhráid an Aire ar shaincheisteanna áirithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí faoi Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le rialachas corparáideach. Ina dhiaidh sin chuir an Roinn tús lena hanailís ar mholtaí an CLRG. Leanadh le hobair freisin sa Choiste um Dhócmhainneacht Chorparáideach ar an ábhar ar 'Leachtuithe Féinriartha' mar chuid de shraith beart i ndiaidh na paindéime. Tá an topaic seo ar cheann de go leor príomhréimsí atá san áireamh sa togra le haghaidh Treorach a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2022 maidir le gnéithe áirithe den dlí substainteach maidir le himeachtaí dócmhainneachta a chomhchuibhiú.

### An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta.

Tuairiscíonn an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (NCPC) don Taoiseach agus don Rialtas, tríd an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, maidir le saincheisteanna barrthábhachtacha i ndáil le hiomaíochas atá roimh gheilleagar na hÉireann agus tugann an Chomhairle moltaí maidir le gníomhaíochtaí beartais atá ag teastáil chun cur le staid iomaíochais na hÉireann. Is í an Roinn a thugann faoi thaighde, anailís agus an ról rúnaíochta don NCPC, a thugann ardtosaíocht lena chinntiú go n-aithnítear saincheisteanna barrthábhachtacha maidir le hiomaíochas agus go dtugtar tús áite dóibh chun gníomhú ina leith ar fud an chórais rialtais. Faoi láthair, tá Éire rangaithe sa 11ú háit de réir thuarascáil um Rangú Iomaíochais Domhanda 2022 na hInstitiúide um Fhorbairt Bainisteoireachta.

In 2022 d'fhoilsigh an Chomhairle cúig fheasachán ar shaincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht iomaíochais náisiúnta na hÉireann. Foilsíodh Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2022 i mí Mheán Fómhair 2022 agus aithníonn sé na príomhdhúshláin iomaíochais agus táirgiúlachta atá roimh gheilleagar na hÉireann agus déanann sé moltaí don Rialtas maidir le conas aghaidh a thabhairt orthu. Shainaithin an tuarascáil ceithre dhúshlán straitéiseacha leathana mheántéarmacha agus fhadtéarmacha agus rinneadh moltaí chun borradh a chur faoi fhás táirgiúlachta leathanbhunaithe; feidhmíocht an mhargaidh saothair a fheabhsú; tacú le hinfheistíocht bonneagair le haghaidh todhchaí níos fearr; agus na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh a bhainistiú.

### An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

Tugann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN), comhairle don Rialtas ar riachtanais scileanna amach anseo agus ar shaincheisteanna gaolmhara sa mhargadh saothair a mbíonn tionchar acu ar an gcumas náisiúnta le haghaidh fás fiontraíochta agus fostaíochta. Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil don Ghrúpa.

In 2022, chuir an EGFSN réamhstaidéar i gcrích mar fhreagra ar an *National AI Strategy, AI Here for Good*. D'fhoilsigh an EGFSN an tuarascáil a d'eascair as, *AI Skills: A Preliminary Assessment of the Skills Required for Deployment, Management and Regulation of Artificial Intelligence* i mí an Mheithimh 2022. Tá moltaí sa staidéar ar na scileanna ardleibhéil, teicniúla atá ag teastáil ó fhorbróirí agus ó shaineolaithe, agus breithníonn sé na scileanna atá de dhíth san earnáil phoiblí, ag oideachasóirí, agus ag an bpobal, ionas gur féidir leis an tsochaí ina hiomláine an iontaoibh agus an mhuinín a bheith acu glacadh le deiseanna AI. Cuireadh próiseas feidhmithe dhá bhliain ar bun freisin chun a chinntiú go gcuirtear gníomhartha na tuarascála i bhfeidhm. In 2022 rinne an EGFSN teagmháil freisin leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, agus í ag tabhairt faoi athbhreithniú ar Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann, arna coimisiúnú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Chomh maith le staidéir nua ar cuireadh tús leo in 2022 ar Scileanna Bithchógaisíochta agus Scileanna le haghaidh Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, dhírigh an EGFSN ar mholtaí ó staidéir chríochnaithe eile a chur i bhfeidhm. In 2022, chuimsigh sé seo na réimsí a bhaineann le Lóistíocht agus Scileanna Slabhra Soláthair agus Scileanna le haghaidh Náid Carbóin, agus Scileanna Dearaidh. Bhí an cruinniú deiridh den Ghrúpa Forfheidhmithe Scileanna Dearaidh le tacaíocht oifigiúil Rúnaíocht an EGFSN ar siúl i mí Feabhra 2022, rud a chuir i gcrích rathúil na tréimhse cur chun feidhme foirmeálta dhá bhliain do thuarascáil 2020 an EGFSN, *Together for Design*.

# Sprioc Straitéiseach 4:
## Dnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a láidriú agus a mhéadú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe ina dtacaítear le hardchaighdeáin saothair agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.

## Trádáil:

### Straitéis Trádála agus Infheistíochta.

I mí Aibreáin 2022, d'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022-2026, Luach d'Éirinn, *Luachanna don Domhan*. Leagann an Straitéis amach ár gcur chuige prionsabálta iomlánaíoch maidir le beartas trádála, arb é an sprioc atá leis Éire a bheith ag fás go hinbhuanaithe, ag éagsúlú margaí easpórtála, ag tabhairt faoi shaincheisteanna aeráide, agus ag déanamh soláthair do leas eacnamaíoch leanúnach na hÉireann. Déanfaidh an Chomhairle Trádála agus Infheistíochta (comhlacht tras-rialtais agus trasghníomhaireachta) maoirsiú ar chur i bhfeidhm na Straitéise, a leagann amach seacht ngníomh tosaíochta atá dírithe ar spriocanna trádála agus infheistíochta na hÉireann a chur chun cinn, margaí a éagsúlú, agus slabhraí soláthair a neartú:

1. Tacú le 'Éiceachóras' Eacnamaíoch agus Trádála na hÉireann
2. Na Foirne Margaidh Áitiúla a athbhreithniú agus a athnuachan
3. Éire a shuíomh laistigh de Shlabhraí Luacha Domhanda agus Slabhraí Soláthair
4. Leasanna na hÉireann a Chur in iúl mar Náisiún Trádála
5. Tuairisceán na hÉireann ó Chomhaontuithe Saorthrádála an AE a uasmhéadú
6. Foireann Éireann - Seachtain na Misean Trádála
7. Na Tairbhí a Bhaint as Margadh Aonair an AE

Tacóidh cur i bhfeidhm na Straitéise agus an phlean gníomhaíochta le hÉirinn a spriocanna trádála agus infheistíochta a bhaint amach, onnmhairí a mhéadú go hinbhuanaithe, ár gcaidreamh trádála a dhoimhniú agus a leathnú, fostaíocht ardchaighdeáin a fhorbairt agus ár ngeilleagar a neartú.

### Trádáil a Chur Chun Cinn.

Gach bliain, bíonn an Roinn ag obair go dlúth lena gníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, agus GFT Éireann, ar chlár de mhisin cur chun cinn trádála agus infheistíochta arna stiúradh ag an Aire. In 2022 bhí misin trádála agus infheistíochta chuig SAM, an Phortaingéil, Meicsiceo, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an RA, Singeapór agus an Danmhairg agus is ar leibhéal an Tánaiste agus na nAirí a bhí siad. Dhírigh na Misin Trádála seo ar chumais nuálaíocha agus tairiscintí iomaíocha comhlachtaí Éireannacha a chur chun cinn do cheannaitheoirí idirnáisiúnta in earnálacha lena n-áirítear seirbhísí a bhítear á dtrádáil go hidirnáisiúnta, teicneolaíocht an airgeadais, tógáil ardteicneolaíochta, innealtóireacht, TFC agus eolaíochtaí beatha.

I gcomhthéacs chur i bhfeidhm *na Straitéise Trádála agus Infheistíochta*, cuireadh i gcrích athbhreithniú ar oibriú na bhFoirne Margaidh Áitiúla (LMTanna) le linn 2022, i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le comhpháirtithe eile i bhFoireann Éireann. Áirítear leis an athbhreithniú, a d'fhaomh an Chomhairle Thrádála agus Infheistíochta i mí na Nollag 2022, sraith moltaí a chuideoidh le hobair LMTanna ina ngníomhaíochtaí laistigh den mhargadh, agus neartóidh sé freisin na struchtúir le haghaidh treorach agus tacaíochta lárnach ón Roinn agus ó ghníomhaireachtaí.

### Comhaontuithe Trádála.

Choinnigh an Roinn teagmháil iomlán leis an gCoimisiún Eorpach, thar ceann na hÉireann, in idirbheartaíochtaí trádála AE in 2022. Ar an 30 Meitheamh, d'fhógair an AE agus an Nua-Shéalainn go raibh deireadh leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Saorthrádála agus gur éirigh leis.

Nuair a bheidh an Comhaontú i bhfeidhm, cuirfidh an Comhaontú deireadh le taraifí ar onnmhairí AE chuig an Nua-Shéalainn, aithneoidh sé Rialacha Tionscnaimh maidir le táirgí AE agus cinnteoidh sé go ndéileálfar go neamh-idirdhealaitheach le hinfheisteoirí an AE sa Nua-Shéalainn.

Leanadh den chaibidlíocht maidir le Comhaontú Saorthrádála AE-na hAstráile in 2022. Bunaithe ar ráiteas tionchair 2018 an Choimisiúin Eorpaigh, meastar go gcruthóidh FTAanna leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn le chéile méadú €4.9 billiún ar OTI an AE gach bliain.

Athsheoladh an chaibidlíocht ar Chomhaontú Saorthrádála idir an AE agus an India in 2022, chomh maith le comhaontuithe ar leith ar chosaint infheistíochta agus ar thásca geografacha. Chomhaontaigh an AE agus an India Comhairle Thrádála agus Theicneolaíochta a chur ar bun freisin.

Tugadh Comhaontú Comhlachais idir an AE agus an tSile i gcrích go polaitiúil ar an 9 Nollaig 2022, agus baineadh roinnt feabhsuithe amach lena n-áirítear, deireadh a chur le hincrimintí bliantúla ar Chuótaí Ráta Taraife mairteola (TRQanna), cosaintí méadaithe do Tháscairí Geografacha agraibhia agus léirscaoileadh do roinnt ábhair thábhachtacha bia amhail cáis, agus rochtain mhéadaithe ar an margadh ag an AE ar thaisclanna mianraí nádúrtha na Sile.

Leanadh den chaibidlíocht maidir le *Comhaontú Saorthrádála leis an Indinéis* in 2022 freisin.

### An Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA).

Ar an 11 Samhain, 2022, rialaigh an Chúirt Uachtarach, de thromlach 4 go 3, go gcuireann Bunreacht na hÉireann cosc ar an Rialtas agus ar Dháil Éireann CETA a dhaingniú mar atá dlí na hÉireann faoi láthair. Rialaigh an Chúirt Uachtarach freisin de thromlach 6-1 go bhféadfadh an tOireachtas CETA a dhaingniú dá ndéanfaí athruithe áirithe ar an reachtaíocht intíre agus *Acht Eadrána 2010* go sonrach.

Tá an breithiúnas á scrúdú go mion ag an Roinn anois, in éineacht le comhairleoirí dlí, chun na himpleachtaí féideartha a mheas. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil CETA fós á chur i bhfeidhm go sealadach, ag an AE agus ag Ceanada, mar atá sé ón 21 Meán Fómhair 2017. Tá CETA daingnithe ag 17 gcinn de 27 mBallstát an AE, agus an Ghearmáin ar an stát is déanaí chun é sin a dhéanamh i mí na Nollag 2022.

### Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO).

Bhí 12ú Comhdháil Aireachta an WTO (MC12) ar siúl ar an 12-17 Meitheamh 2022 sa Ghinéiv. Ba é an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar TD, a rinne ionadaíocht thar ceann na hÉireann. Ag MC12, chomhaontaigh na hAirí ar roinnt dearbhuithe agus cinntí tábhachtacha maidir le saincheisteanna amhail athchóiriú an WTO, trádáil agus sláinte, slándáil bhia, fóirdheontais iascaigh, síneadh ar an moratóir ar dhleachtanna custaim ar idirbhearta ríomhthráchtála, agus comhaontú maoin intleachtúil chun tíortha i mbéal forbartha a chumasú le vacsaíní a tháirgeadh (tarscaoileadh TRIPS).

### Clár Oibre Reachtach An AE Maidir le Trádáil.

In 2022, ceadaíodh sainordú ón gComhairle chun tús a chur le caibidlíocht thríphápháirteach le Parlaimint na hEorpa maidir le togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán nuashonraithe le haghaidh *Scéim Ghinearálaithe Fabhar an AE* (GSP). Cuireann an scéim rochtain níos éasca ar mhargadh an AE ar fáil d'earraí a dhéantar a onnmharú ó thíortha i mbéal forbartha trí tharaifí allmhairithe a dhíchur nó a laghdú go haontaobhach (ar bhonn neamh-cómhalartach). Thacaigh Éire go gníomhach le Scéim GSP an AE i gcainteanna na Comhairle mar uirlis bhunúsach forbartha a chuidíonn go mór le tíortha tairbhíocha. Táthar ag súil go gcomhaontófar an Rialachán sa chéad leath de 2023.

I mí an Mheithimh 2022, thug Éire léargas ar a tosaíochtaí don *Athbhreithniú ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TSD)* don Choimisiún Eorpach a shainaithin tosaíochtaí beartais agus príomhphointí gníomhaíochta chun rannchuidiú comhaontuithe trádála AE (FTAnna) a fheabhsú chun an comhshaol agus cearta saothair a chosaint ar fud an domhain. Leag aighneacht na hÉireann béim ar an ról dearfach is féidir le trádáil a dhéanamh i leith na forbartha inbhuanaithe; an gá atá le FTAnna an AE caighdeáin idirnáisiúnta comhshaoil, saothair agus chearta an duine a atreisiú, go háirithe Comhaontú Pháras agus bunphrionsabail an ILO; tacú le ról níos láidre don tsochaí shibhialta maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme FTAnna; agus tosaíocht a thabhairt do chur chuige comhoibríoch atá bunaithe ar dhreasachtaí maidir le réiteach saincheisteanna TSD in FTAnna. Chuir Éire go gníomhach freisin le Conclúidí na Comhairle Eorpaí ar Athbhreithniú TSD.

Ar deireadh, i mí na Samhna 2022, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú ar leibhéal Chomhairle an AE maidir leis an togra ón gCoimisiún maidir le *hIonstraim Frith-Chomhéigean* a foilsíodh i mí na Nollag 2021. Tá an Ionstraim atá beartaithe mar fhreagairt ar úsáid comhéigean eacnamaíoch ag tríú tíortha chun iallach a chur ar Bhallstáit AE nó an tAontas ina iomláine a ghlacadh nó staonadh ó bheartas nó gníomh áirithe a ghlacadh. Cinntíonn comhréiteach na Comhairle go leor de cheanglais na hÉireann maidir leis an gcomhad, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mBallstát sa chinnteoireacht a neartú agus líon na mbeart freagartha AE a laghdú chun ailíniú níos dlúithe leis an Rialachán um Fhorfheidhmiú Trádála atá ann cheana féin. Tá an comhad anois faoi réir ag plé tríphápháirteach le Parlaimint na hEorpa mar chomhreachtóirí.

## An Chomhairle Thrádála agus Infheistíochta.

Bunaíodh Comhairle Thrádála agus Theicneolaíochta AE-SAM (TTC) le linn Chruinniú Mullaigh AE-SAM an 15 Meitheamh 2021 agus feidhmíonn sí mar fhóram do SAM agus AE chun cur chuige a chomhordú maidir le príomhcheisteanna trádála, eacnamaíocha agus teicneolaíocht dhomhanda. Tháinig an TTC le chéile dhá uair in 2022, ar dtús an 15/16 Bealtaine i bPáras agus níos déanaí in Maryland SAM an 5 Nollaig 2022.

I ndiaidh chruinniú TTC an 15/16 Bealtaine 2022 i bPáras, eisíodh Ráiteas Comhpháirteach inar athdhearbhaíodh an dlúth-chomhpháirtíocht idir an AE agus SAM agus inar leagadh amach sraith táirgí insoláthartha nithiúla agus torthaí lena n-áirítear:

- Tacaíocht leanúnach don Úcráin trí chomhar dian ar smachtbhannaí agus rialuithe onnmhairiúcháin i gcoinne na Rúise.
- Úsáid fhreagrach teicneolaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí oibriú le chéile ar bheartais, caighdeáin agus rialachas teicneolaíochta.
- Comhar ar shlabhraí soláthair slána a mhéadú, trí athléimneacht na slabhraí soláthair trasatlantacha a chur chun cinn i bpríomhearnálacha, amhail maighnéid tearc-chré, slabhraí soláthair painéil ghréine agus slabhraí luacha leathsheoltóra.
- Bunú Idirphlé Trádála agus Saothair le páirtithe leasmhara na gcomhpháirtithe sóisialta.

Áirítear ar chuid de na príomhspriocanna insoláthartha atá sa chomhráiteas a eisíodh in ndiaidh an chruinnithe an 5 Nollaig:

- An Chéad Treochlár Comhpháirteach ar Uirlisí Measúnaithe agus Tomhais maidir le hIntleacht Shaorga Iontaofa agus Bainistíocht Riosca (Treochlár AI).
- Comhoibriú ar chaighdeáin amach anseo do Chórais Luchtaithe Meigeavata (MCS) le haghaidh feithiclí tromshaothair.
- Cuirfidh an AE agus SAM meicníocht luathrabhaidh i bhfeidhm chun dul i ngleic le suaitheadh sa slabhra soláthair leathsheoltóra agus iad a mhaolú ar bhealach comhoibríoch.
- Bunú Tionscnamh Thrasatlantach ar Thrádáil Inbhuanaithe dírithe ar fheabhas a chur ar chomhoibriú AE-SAM ar thrádáil agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

## Ceadúnú agus Rialú Trádála.

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur Rialuithe Onnmhairithe an AE agus náisiúnta i bhfeidhm go dian, arb é an cuspóir atá acu tacú le slándáil agus cearta an duine a chosaint. In 2021[1] d'eisigh an Roinn 714 ceadúnas easpórtála, ag údarú onnmhairí ar luach €2.2 billiún.

Chríochnaigh an Roinn dréachtú an Bhille um Rialú Onnmhairí, i gcomhar le hOifig na Comhairle Parlaiminte. Cinnteoidh an Bille go leanfaidh Éire ar aghaidh ag oibriú córas láidir chun onnmhairiú earraí rialaithe a rialú.

Chuidigh an Roinn freisin le hobair an Ghrúpa Oibre um Rialú Onnmhairithe, a bunaíodh faoi choimirce Chomhairle Thrádála agus Theicneolaíochta an AE-SAM.

Is Údarás Náisiúnta Inniúil í an Roinn le haghaidh Smachtbhannaí AE, a thacaíonn leis an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine. I rith 2022 bhí an Roinn freagrach as na bearta trádála a chur i bhfeidhm sna naoi bpacáiste smachtbhannaí ar ghlac an AE leo mar fhreagra ar chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Bhí na smachtbhannaí trádála seo gan fasach ó thaobh fairsinge agus sofaisticiúlachta de agus d'oibrigh an Roinn go dlúth le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm go hiomlán iad. D'achtaigh an tAire 31 Ionstraim Reachtúil, a dhréachtaigh an Roinn, chun lánéifeacht dhlíthiúil a thabhairt in Éirinn do leasuithe ar chórais smachtbhannaí eile an AE. Thug an Roinn cuairteanna for-rochtana agus comhlíonta in éineacht le honnmhaireoirí freisin in 2022, ar mhéadú ar ghníomhaíochtaí 2021 iad, de réir mar a mhaolaigh srianta paindéime.

1. Foilseofar sonraí 2022 sa Annual Report under the Control of Exports Act 2008 for 2022, a chuirfear i láthair an Rialtais sa samhradh.

### Scagthástáil Infheistíochta.

Chuir an Roinn i gcrích dréachtú an Bhille um Scagadh Idirbhearta Tríú Tíortha, le hOifig na Comhairle Parlaiminte. I mí Mheán Fómhair 2022, d'éirigh leis an mBille an Dara Céim a thabhairt chun críche i nDáil Éireann. Tabharfaidh an Bille seo cumhachtaí don Rialtas slándáil nó ord poiblí a chosaint ar ghníomhaithe naimhdeacha a úsáideann úinéireacht nó tionchar ar ghnólachtaí agus sócmhainní chun dochar a dhéanamh don Stát.

Ag teacht le hoibleagáidí na hÉireann faoi Rialachán an AE um Scagthástáil Infheistíochta, is í an Roinn an Pointe Teagmhála Náisiúnta le haghaidh comhair leis an gCoimisiún Eorpach, agus le Ballstáit ar chúrsaí scagthástála infheistíochta. Sa cháil seo rinne an Roinn athbhreithniú ar 428 fógra scagthástála a fuarthas ó Bhallstáit eile.

I rith 2022, chuaigh an tAonad i mbun comhairliúchán fairsing leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit an AE, chomh maith leis an RA agus SAM, ar réimse saincheisteanna a bhaineann le Scagthástáil Infheistíochta. Bhí an rannpháirtíocht seo ina comhpháirt ríthábhachtach i bhforbairt bheartas scagthástála infheistíochta intíre na hÉireann, agus i ndearadh meicníocht scagthástála atá oiriúnaithe do riachtanais na hÉireann. Chuidigh an Roinn freisin le hobair an Ghrúpa Oibre Scagthástála Infheistíochta, a bunaíodh faoi choimirce Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta an AE-SAM

## Rannpháirtíocht Leis an AE:

### Cruinnithe Comhairle an AE.

In 2022 rinne an Tánaiste agus Airí Stáit ionadaíocht ar leasanna na hÉireann ag Comhairlí Trádála, Iomaíochais agus EPSCO an AE.

Le linn 2022 rinne na hAirí Troy agus Calleary ionadaíocht ar leasanna na hÉireann ag na Comhairlí Iomaíochais (Margadh Inmheánach agus Tionscal) a bhreithnigh réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear spleáchais straitéiseacha an AE, amhábhair ríthábhachtacha, éiceachóras tionsclaíoch, agus freagrachtaí tuairisciú corparáidíeach agus an *tAcht Eorpach um Shliseanna*, inar aontaíodh an Cur Chuige Ginearálta ag an gComhairle Iomaíochais i mí na Nollag 2022.

Rinne na hAirí Troy, English agus an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Roderic O'Gorman ionadaíocht ar son na hÉireann ag na Comhairlí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialacha (EPSCO).

Tháinig an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (Trádáil) i gceann a chéile sé huaire le linn 2022. Áiríodh ar na míreanna a bhí le plé cogadh neamhdhleathach na Rúise san Úcráin, forbairtí leanúnacha ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, caidreamh trádála AE-SAM agus an chaibidlíocht dhéthaobhach leanúnach agus cur chun feidhme comhaontuithe saorthrádála.

Tionóladh Cruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí Trádála in Marseilles i mí Feabhra agus tionóladh Comhairlí Trádála foirmiúla i mí an Mheithimh i Lucsamburg agus an 12-17 Meitheamh sa Ghinéiv. Tionóladh an dara Comhairle Trádála ag an am céanna leis an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid an WTO (MC12). Thionóil Uachtaránacht na Seice Cruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí Trádála i bPrág i mí Dheireadh Fómhair agus tionóladh cruinniú foirmiúil d'Airí Trádála sa Bhruiséil i mí na Samhna 2022.

Ag teacht le hoibleagáidí Grinnscrúdaithe Oireachtais an AE de chuid na Roinne, chuir an Roinn an tOireachtas ar an eolas faoi 27 togra AE thar réimse saincheisteanna beartais, chomh maith lena hoibleagáid a chomhlíonadh dhá thuarascáil sé mhí ar fhorbairtí an AE a chur isteach.

### Margadh Aonair An AE i Seirbhísí.

I rith 2022, lean an Roinn lena rannpháirtíocht ag leibhéal an AE, lena n-áirítear leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile, chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag Grúpaí Oibre agus Coistí AE ábhartha ar shaincheisteanna an Mhargaidh Aonair.

D'oibrigh muid le ballstáit atá ar aon intinn linn agus leis an gCoimisiún Eorpach chun bacainní ar sholáthar trasteorann seirbhísí i Margadh Aonair an AE a shainaithint agus a bhaint, lena n-áirítear trí Thascfhórsa Forfheidhmithe an Mhargaidh Aonair le linn 2022. Leanadh den obair chun comhlíonadh leanúnach na Treorach um Sheirbhísí a chinntiú agus cumas riaracháin na hÉireann a fheabhsú chun an Margadh Aonair i Seirbhísí a chur i bhfeidhm, a fhorfheidhmiú agus a fheabhsú.

Lean an Roinn le bainistiú a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin Pointe Teagmhála Aonair na hÉireann. Is acmhainn faisnéise agus cúnaimh é seo do sholáthraithe seirbhísí AE atá ag iarraidh seirbhísí a sholáthar in Éirinn chun saorghluaiseacht seirbhísí laistigh den Mhargadh Aonair a éascú. Bhainistigh an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann le líonraí eile an AE freisin, lena n-áirítear Lárionad SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh. Is líonra réiteach fadhbanna neamhfhoirmiúil é SOLVIT a láinseáil an Coimisiún Eorpach in 2002. Bunaíodh é chun cineálacha áirithe fadhbanna a bhíonn ag saoránaigh an AE nó gnólachtaí le riaracháin phoiblí i mBallstáit an AE a réiteach. Scóráil Ionad SOLVIT na hÉireann go maith arís sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí ón gCoimisiún ar fheidhmíocht na n-ionad náisiúnta.

### An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothar.

Tá an Roinn i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO), sainghníomhaireacht de chuid na NA. Comhordaítear seasaimh náisiúnta ar chláir oibre Bhord Rialaithe an ILO agus na Comhdhála Idirnáisiúnta Saothair (ILC) trí Ghrúpa Idir-Rannach, a thugann le chéile Ranna a bhfuil freagracht bheartais orthu as míreanna ar chlár oibre leathan an ILO. Príomhghné d'obair an Ghrúpa is ea rannpháirtíocht eagraíochtaí ionadaíochta fostóirí agus fostaithe, chun a léiriú gur eagraíocht thrípháirteach é an ILO. An 10 Meitheamh, ghlac an ILC Rún chun 'timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil' a chur leis mar an gcúigiú bunphrionsabal agus an ceart ag an obair. I mí Aibreáin 2022, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann agus an ILO, thug an Tánaiste léacht dhébhliantúil Edward Phelan ar an téama *Todhchaí na hOibre i nDomhan Iar-COVID.*

I mí na Nollag 2022, chríochnaigh an Roinn an próiseas daingnithe do Choinbhinsiún ILO Uimh. 190 maidir le deireadh a chur le foréigean agus ciapadh i saol na hoibre a cuireadh i dtaisce go foirmiúil san ILO sa Ghinéiv in Eanáir 2023. Tá daingniú an Choinbhinsiúin seo liostaithe mar gníomh sa Phlean Forfheidhmithe den Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach & Inscne.

## Rannpháirtíocht na hÉireann agus na Ra Sa Tionscnamh um Oileán Comhroinnte:

### Breatimeacht.

Lean an Roinn agus a gníomhaireachtaí ar aghaidh ag tacú le gnólachtaí sa timpeallacht trádála iar-Bhreatimeachta, ag soláthar tacaíochtaí airgeadais chomh maith le comhairle, mar a chuirtear in iúl ar www.gov.ie/brexit. Leanann an Roinn ag obair le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun cabhrú le dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn mar thoradh ar Bhreatimeacht, lena n-áirítear Prótacal Thuaisceart Éireann.

Ina theannta sin, forbairt shuntasach in 2021 ab ea bunú NSAI Certification UK Ltd mar bhealach chun rochtain a sholáthar do ghnólachtaí Éireannacha ar dheimhniúchán UKCA (UK Conformity Assessment), ar dtús do tháirgí Tógála agus Feistí Leighis. Rinne NSAI Certification UK Ltd iarratas ar chreidiúnú sa RA chun marcáil UKCA a thairiscint do mhonaróirí táirgí foirgníochta Éireannacha. Beidh sé seo ina riachtanas éigeantach maidir le rochtain ar mhargadh na RA ón 1 Eanáir 2023.

### Fóram na hÉireann/na Breataine Bige.

Imí Dheireadh Fómhair 2022, ghlac an tAire um Chur Chun Cinn Trádála agus Trasfhoirmithe Digiteacha páirt i bhFóram na hÉireann-na Breataine Bige, a bhí á óstáil i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha Simon Coveney agus Príomh-Aire na Breataine Bige Mark Drakeford ina gcomhchathaoirligh ar an imeacht seo. Lean sé ón bhFóram tionscnaimh a reáchtáladh in 2021. Soláthraíonn an Fóram deis caidrimh a fhorbairt, tuairimí maidir le beartais a mhalartú, foghlaim a roinnt agus comhar a fhorbairt i réimsí a bhfuil freagracht dhéabhlóidithe ag Rialtas na Breataine Bige astu. Neartaíonn sé freisin an caidreamh déthaobhach níos leithne idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag.

Ag an gcruinniú, phléigh an tAire Calleary agus Aire Geilleagair na Breataine Bige, Vaughan Gething, réimsí le haghaidh comhoibriú trádála agus cuir chuige i leith forbairt fiontair réigiúnacha d'fhonn comhoibriú a mhéadú idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag. Bhuail siad freisin le réimse geallsealbhóirí forbartha eacnamaíochta réigiúnach atá lonnaithe go háitiúil i gCorcaigh.

### InterTradeIreland.

Is é príomhfhreagracht InterTradeIreland (ITI) trádáil agus gnó a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin agus trasteorann. Ba é breis agus €11.5 milliún maoiniú na Roinne do ITI in 2022. I rith na bliana lorg an Ghníomhaireacht deiseanna nua do thrádáil Thuaidh Theas, thacaigh sí le forbairt braislí agus líonraí ar fud an oileáin, agus lean sí ag cabhrú le trádálaithe trasteorann oiriúnú don timpeallacht trádála i ndiaidh Breatimeachta.

Ceann de bhuaicphointí aschuir 2022 ITI ná a Seirbhís Chomhairleach Bhreatimeachta. Cuireann an tseirbhís seo tacaíochtaí ar fáil atá ceaptha chun cabhrú le gnólachtaí le réimse saincheisteanna lena n-áirítear tacaíocht chun an caidreamh trádála nua a threorú agus chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh trí iar-COVID-19, costais ardaithe agus brúnna boilscithe. In 2022, fuarthas 216 Dearbhán Breatimeachta agus 414 iarratas ar Réitigh Ghnó. Ba é an comhchaiteachas iomlán ar na tacaíochtaí seo do 2022 ná thart ar €2 mhilliún. In 2023 leathnóidh ITI an tSeirbhís Chomhairleach Bhreatimeachta go Seirbhís Faisnéise Trádála trasteorann nua, a bheidh cumasaithe ag an teicneolaíocht, agus táthar ag súil go seolfar í níos déanaí sa bhliain

### An T-Oileán Comhroinnte.

Bunaíodh An Tionscnamh um Oileán Comhroinnte i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus tá sé mar aidhm aige úsáid a bhaint as Comhaontú Aoine an Chéasta chun comhar, nasc agus comhthuiscint a fheabhsú ar oileán na hÉireann. Is éard atá i gceist leis an tionscnamh ná oibriú le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na Breataine chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin straitéiseacha atá le sárú ar an oileán, trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an ngeilleagar uile-oileáin, agus trí infheistíocht a dhéanamh i réigiúin an Iarthuaiscirt agus na teorann. Feidhmíonn Aonad an Oileáin Chomhroinnte (SIU) i Roinn an Taoisigh mar thiománaí agus mar chomhordaitheoir ar an tionscnamh Rialtais uile seo.

Lean an Roinn ag obair go dlúth leis an SIU le linn 2022 chun deiseanna a fhiosrú chun tacú leis an ngeilleagar uile-oileáin tríd an tionscnamh. Leanfaidh sé de bheith i dteagmháil leis an SIU agus le páirtithe leasmhara ábhartha i bhforbairt tograí faoin gciste in 2023.

# Sprioc Straitéiseach 5:

An t-aistriú glas a chur chun cinn maidir le cúrsaí fiontraíochta, ag comhlíonadh ár ngealltanais i ndáil le hathrú aeráide.

## An T-Aistriú Glas i gCúrsaí Fiontraíochta:

In 2022 bhí dlúthbhaint ag an Roinn leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 a fhorbairt, agus léirigh sé seo freagracht na Roinne as a cuid Uasteorainneacha Astuithe Earnála féin don Tionscal agus don Timpeallacht Thógtha Thráchtála, i dteannta le himpleachtaí suntasacha do ghnólachtaí thar réimse leathan beart san earnáil, mar shampla in Iompar. Faoin *Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú)*, 2021, tá an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagrach as astaíochtaí ar an láthair ón tionscal (déantúsaíocht, lena n-áirítear stroighin agus alúmanam) a laghdú 20% faoi 2025 agus 35% faoi 2030, i.e. agus astaíochtaí ó théamh foirgneamh tráchtála a laghdú 20% faoi 2025 agus 45% faoi 2030. Léiríonn an Plean Gníomhaíochta Aeráide 2023 agus na bearta atá ann méadú suntasach ar uaillmhianta an Rialtais don tionscal agus do gach fiontar.

Sa bhliain 2022, chuaigh an Roinn i dteagmháil ar fud an Rialtais ar cheisteanna a bhaineann le gníomhaíocht ábhartha aeráide chun a chinntiú go ndearnadh sna cinntí beartais a rinneadh na himpleachtaí do ghnó in Éirinn, go háirithe gnólachtaí atá dian ar fhuinneamh, a mheas go hiomlán agus chun a chinntiú go gcoimeádfaidh agus go bhfeabhsóidh Éire a mealltacht mar shuíomh do na hearnálacha seo. Áiríodh le rannpháirtíocht shuntasach beartais in 2022 ionchur chuig an gCoimisiún ar thograí um Rialáil Fóntas ar tharaifí eangaí, dearadh ceantanna fuinnimh in-athnuaite, athbhreithniú na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar shlándáil an tsoláthair leictreachais agus gáis, cur i bhfeidhm bearta laghdaithe éilimh de réir rialacháin REPowerEU, agus cuid de na bearta is gá chun faoiseamh a sholáthar d'fhiontair ó mhéaduithe tobanna móra ar a gcostais fuinnimh.

Is gné lárnach de Pháipéar Bán na Roinne ar Fhiontraíocht í an ghníomhaíocht aeráide agus tá sé leabaithe i straitéisí na ngníomhaireachtaí fiontair. Tá sé mar aidhm ag na naoi bPlean Forbartha Réigiúnacha aghaidh a thabhairt ar an riachtanas atá ann d'fhiontair digitiú agus cur le geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Sheol Fiontraíocht Éireann feachtas idirnáisiúnta 'Ready for a Green Future' a chuir nuálaithe glasa na hÉireann chun cinn agus a léirigh go leor nuálaithe glasa Éireannacha den scoth atá ag réiteach dúshláin theicniúla chasta agus ag seachadadh réitigh inbhuanaithe agus ísealcharbóin chun fuinneamh in-athnuaite a dhéanamh inmharthana; dramhaíl fuinnimh inár gcathracha a laghdú le teicneolaíocht chliste; dramhaíl talmhaíochta a laghdú, agus; tógáil a dhéanamh níos glaine.

Seoladh an Ciste Aistrithe Glas i mí an Mheithimh 2022. Tá an ciste €55 milliún mar chuid den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta agus tugann sé cúnamh do thionscadail chun dícharbónú na hearnála fiontair a luathú. Tugann an maoiniú aghaidh ar an ngá atá le dícharbónú ar fud na bhfiontar go léir. Cuimsíonn an Ciste Trasdula Glas:

- An Ciste um Pleanáil Aeráide do Ghnó, a thabharfaidh maoiniú do ghnólachtaí chun teacht ar phlean pearsantaithe chun an dóigh is fearr a aithint chun deireadh a chur le spleáchas ar bhreoslaí iontaise ina ngnó.
- An Ciste Infheistíochta um Laghdú Astuithe Fiontraíochta, a thabharfaidh maoiniú do ghnólachtaí déantúsaíochta chun infheistíocht a dhéanamh i bpróisis téimh atá neodrach ó thaobh carbóin de, i méadrú cliste agus i monatóireacht fuinnimh, agus i dtaighde agus i bhforbairt.

Beidh na cláir ar siúl thar na cúig bliana atá romhainn.

### Climate Toolkit 4 Business.

Sheol an Tánaiste agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, sraith ar líne i mí na Nollag 2021, Is é an cuspóir atá leis ná é a dhéanamh níos éasca do gach gnólacht tús a chur le dul i ngleic lena dtionchar aeráide agus a n-athléimneacht a fheabhsú agus cabhrú leo go n-éireoidh leo i ngeilleagar ísealcharbóin. Lean an Roinn leis an tSraith a nuashonrú agus a chur chun cinn i rith 2022, trí fheachtais ar na meáin shóisialta, trí chur i láthair ag imeachtaí agus trí sheimineáir ghréasáin.

### Green For Micro.

Is é is cuspóir le Clár *Glas le haghaidh Micrea* na LEOanna cabhrú le gnólachtaí beaga ullmhú don gheilleagar ísealcharbóin, a bheith tíosach ar acmhainní sa todhchaí trí shaineolas agus comhairle shaincheaptha a sholáthar maidir leis an dóigh chun inbhuanaitheacht a thiomáint, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus lorg comhshaoil a laghdú.

### Ionaid Sonraí.

I mí Iúil 2022, d'fhoilsigh an Roinn ráiteas beartais athbhreithnithe ar ionaid sonraí, agus ceapadh an t-athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil dícharbónú agus digitiú gheilleagar agus shochaí na hÉireann ag teacht leis an mbeartas comhshaoil agus ar aon dul leis. Soláthraíonn na prionsabail d'fhorbairt ionad sonraí inbhuanaithe atá leagtha amach sa Ráiteas Beartais treoir shoiléir do lucht pleanála, do chinnteoirí agus d'oibreoirí córais maidir le tosaíocht an Rialtais d'fhorbairtí inbhuanaithe sa todhchaí, ag cinntiú go gcuireann ionaid sonraí in Éirinn go dearfach leis an aistriú glas agus digiteach inár sochaí agus geilleagar.

### Forbairtí De Chuid an AE.

Tá sé beartaithe le *Treoir Éicidhearthóireachta an AE* feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh táirgí a bhaineann le fuinneamh ar an margadh trí chaighdeáin níos airde maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a leagan síos agus spreagadh a thabhairt do thomhaltóirí a bheith níos freagraí as a n-úsáid fuinnimh. Tá níos mó grúpaí táirgí curtha leis faoin Treoir.

Gníomhaíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) mar an Údarás Faireachais Margaidh do na rialacháin seo agus téann an Roinn i ngleic le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na mbeart seo tríd an nGrúpa Forfheidhmithe Rialacháin um Lipéadú Fuinnimh agus Éicidhearthóireacht (ELERIG). I mí na Nollag 2022, shínigh an Tánaiste I.R. Uimh. 671 de 2022 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Áirithe a Bhaineann le Fuinneamh) (Leasú) 2022 chun éifeacht a thabhairt d'ordú ag tarmligean cumhachtaí faireachais margaidh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá sé mar aidhm ag an Rialachán atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe tionchar comhshaoil na dtáirgí a úsáidimid a laghdú tríd an gcreat Éicidhearthóireachta atá ann cheana a leathnú chun go mbeidh feidhm aige maidir le réimse níos leithne de tháirgí agus chun critéir bhreise a chur san áireamh. I mí Lúnasa 2022, thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí agus lean sí de chomhairliúchán forleathan, chun ár n-ionchur chuig caibidlíochtaí ar leibhéal na hEorpa a threorú chun táirgí inbhuanaithe a dhéanamh mar ghnáthchleachtas.

### Modh Measúnaithe Eacnamaíoch agus Píolótach Aeráide DETE.

Thug an Roinn faoi threoirthionscadal freisin chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí iarmhairtí aeráide an mhaoinithe fiontraíochta mar chuid de Mhúnla Measúnaithe Eacnamaíoch de chuid DETE ag leibhéal an tionscadail. Tá an tionscadal seo mar chuid dár dtiomantas chun tomhas tionchair a bhaineann leis an aeráid a dhéanamh mar chuid de chinntí deontais na ngníomhaireachtaí fiontair. Tá na gníomhaireachtaí forbartha fiontair (FÉ agus GFT) i dteagmháil lena mbonn cliant reatha chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun tacú leo agus iad ag iarraidh infheistíochtaí a thugann aghaidh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

### Oibleagáidí Aeráide na hEarnála Poiblí.

Chomh maith le beartas a shocrú, tá an Roinn tiomanta fosta do thuilleadh inbhuanaitheachta ina bhfoirgnimh agus cleachtais uile. I dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Fhuinneamh Inbhuanaithe maítear gur sheachaid an Roinn 63% i gcoigiltí fuinnimh ón mbliain bhonnlíne (2009). Tá sé seo níos airde ná an sprioc thosaigh 33% a socraíodh d'fhorais phoiblí. Tá an Roinn anois ag obair i dtreo sprioc 50% 2030 a bhaint amach.

Reáchtáladh *Mí Ghlas* na Roinne idir Márta agus Aibreán 2022 agus mar chuid di bhí tionscnaimh ar nós dáileadh síolta agus dúshláin rothaíochta (fíor agus fíorúla) don fhoireann ar fad chomh maith le seimineáir ghréasáin agus seisiúin "Conas" ar chaomhnú fuinnimh agus gníomhaíochtaí bithéagsúlachta, san ionad oibre, sa bhaile agus inár bpobail áitiúla. Le linn 2022 rinneadh staidéar féidearthachta ar an bhféidearthacht painéil ghréine a shuiteáil ar dhíon cheanncheathrú Shráid Chill Dara na Roinne. Ceadaíodh é seo agus déanfar é a shuiteáil in 2023. Go déanach in 2022 d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus le comhlachtaí poiblí eile maidir le forbairt Sainorduithe um Ghníomhaíocht Aeráide agus foilseofar é seo in 2023.

Eilíonn *Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 20/2019* go gcaithfidh gach Roinn tuairisciú bliantúil ar a soláthar poiblí glas (GPP). Cuimsítear sa teimpléad in Aguisín 3 na hocht n-earnáil tosaíochta atá liostaithe i dTreoir Soláthair Ghlas don Earnáil Phoiblí 2014 de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus léiríonn sé luach iomlán na gconarthaí (os cionn €25,000) a d'eisigh an Roinn seo in 2022.

# Sprioc Straitéiseach 6:

Roinn atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt ag a bhfuil eiteas láidir i leith seirbhís phoiblí ag stiúradh cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.

## Airgeadas:

### Buiséad 2023.

Chuir Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe do 2022, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2021, leithdháileadh comhlán de €903.825 milliún ar fáil don Roinn le húsáid in 2022. Rinne an Meastachán soláthar freisin do thabhairt anonn de €79.66 milliún i leithreasaí caipitil ó 2021 nár caitheadh le húsáid ag an Roinn in 2022.

Bhí Meastachán Forlíontach ag an Roinn ina dhiaidh sin a cheadaigh an Dáil i mí na Nollag 2022. Mhéadaigh an Meastachán Forlíontach an leithdháileadh do Vóta DETE faoi €654.5 milliún go €1.558 billiún. Bhí an maoiniú breise a cuireadh ar fáil chun ligean don Roinn costas na n-íocaíochtaí maoinithe faoin Scéim Thacaíochta Fuinnimh do Ghnó Sealadach a chomhlíonadh agus freisin chun freastal ar chostais na n-arduithe faoin gcomhaontú sínte pá *Building Momentum* a bhí dlite in 2022.

Seachas an t-airgead breise a fuarthas san Fhorlíonadh, cheadaigh an maoiniú a leithroinneadh ar an Roinn in 2022 di tacú lena hOifigí agus Gníomhaireachtaí, a chinntiú go raibh dóthain acmhainní acu chun a sainorduithe a chomhlíonadh, a sraith clár forbartha fiontraíochta agus caipitil nuálaíochta a sholáthar, leanúint lena thionscnaimh bheartais agus reachtacha i réimsí mar fhorbairt fiontraíochta, nuálaíocht, rialáil, iomaíocht, cosaint tomhaltóirí, cearta fostaíochta.

### Athbhreithniú Ar Chaiteachas Poiblí.

D'fhoilsigh an Roinn athbhreithniú ar an Scéim Mhiondíola Ar Líne COVID-19 (ORS) faoin bpróiseas Athbhreithnithe ar Chaiteachas Poiblí 2022. Ceapadh an scéim le cur ar chumas miondíoltóirí faoi úinéireacht Éireannach a gcumas digiteach a fheabhsú agus tairiscint ar líne níos iomaíche a fhorbairt a sholáthródh méadú ar a mbonn custaiméirí agus a thógfadh gnó níos athléimní. Scrúdaigh an t-athbhreithniú seo an réasúnaíocht don scéim taobh thiar de mhaoiniú stáit san earnáil mhiondíola agus rinneadh measúnú ar éifeachtúlacht na scéime maidir lena cuspóirí a bhaint amach. Rinne sé iniúchadh freisin ar an dóigh a bhfuil ORS ag teacht le beartas fiontraíochta agus aschuir agus tionchair na scéime.

### Deimhniú ISSCOP i Leith Aschuir Staidrimh.

Bhain an Roinn deimhniú amach faoi Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCOP) i leith péire dá cuid bun-aschur staidrimh, an Suirbhé Bliantúil Fostaíochta, agus an Suirbhé Bliantúil Gnó i leith Tionchar Eacnamaíochta. Cuireann deimhniúchán ISSCOP leibhéal an-ard cinnteachta ar fáil d'úsáideoirí i dtaobh chaighdeán agus neamhspleáchas na staidreamh a cuireadh i dtoll a chéile agus tugann cinnteacht do sholáthróirí sonraí i dtaobh shlándáil agus rúndacht na sonraí a chuirtear faoinár gcúram. Ciallaíonn sé freisin gur féidir rochtain a fháil ar na sonraí ar chóras PXStat na Príomh-Oifige Staidrimh.

### Straitéisí Tionscail a Mheas.

Chuaigh an Roinn i ngleic le tionscadal de chuid an OECD "Straitéisí Tionscail a Mheas" a bhfuil sé mar aidhm aige caiteachas beartais thionsclaíoch a thomhas ar fud thíortha an OECD. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2021 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é i R2 2023. Soláthróidh sé tuarascáil anailíse agus nótaí tíre do gach ceann de na tíortha rannpháirteacha. Bhailigh an Roinn sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ó go leor Ranna agus Gníomhaireachtaí agus sholáthair ionchuir don tionscadal.

### Anailís Faoi Chumhacht Ai Ar Thaifid Cro.

Thug an Roinn, agus í ag obair i gcomhar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), faoi thionscadal píolótach chomh maith chun sonraí a asbhaint as tuarascálacha bliantúla a bhí á gcoimeád ag an CRO. Is é is aidhm leis an tionscadal ná bunachar sonraí saibhir agus struchtúrtha a fhorbairt i dtaobh feidhmíocht comhlachtaí d'anailís beartais atá fianaise-bhunaithe. D'oibrigh an fhoireann le IBM chun úsáid a bhaint as an ardán anailíse doiciméid faoi chumhacht AI atá acu d'fhonn chomh hindéanta is a bheadh sé astarraingt thoirtiúil sonraí a dhéanamh as comhaid

PDF tuarascálacha bliantúla agus tá cead faighte acu úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun an tionscadal a fhorbairt ar bhonn píolótach ar dtús. Tá an obair seo ag dul ar aghaidh agus cuirfear i gcrích í sa dara leath de 2023

.

## An Straitéis Daoine agus Beartais 2021-2024:

### An Straitéis Daoine 2021-2024.

In 2022 chuir Aonad Acmhainní Daonna na Roinne gníomhartha tábhachtacha i bhfeidhm faoi *Straitéis Daoine* na Roinne. Is iad seo a leanas trí phríomhsprioc a bhaineann leis an Straitéis Daoine: a bheith i d'Fhostóir de Rogha; 'Lucht Saothair' a fhorbairt atá in ann athruithe agus dúshláin amach anseo a sheasamh; agus 'Áit Oibre Ionchuimsitheach' a bheith ann a thacaíonn le deis chomhionannais don fhoireann ar fad.

### Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

I mí Feabhra 2022 chuir an Roinn isteach ar chreidiúnú Comhionannais, Éagsúlachta & Chuimsithe (ED&I) trí Ionad Éagsúlachta na hÉireann. Rinneadh suirbhé ar an bhfoireann go léir ar shaincheisteanna ED&I agus foilsíodh Ráiteas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Leagann sé seo amach conas a oibríonn an Roinn chun R&I a chinntiú mar fhostóir agus mar chomhlacht poiblí agus feidhmeoidh sé mar phointe tosaigh tábhachtach d'fhorbairt Straitéis R&I in 2023.

### Tuairisciú ar Bhearna Pá Inscne.

Ceanglaíonn Rialacháin an Achta um Fhaisnéis ar Bhearna Pá Inscne 2021 ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu tuairisciú ar an mbearna pá inscne in aghaidh na huaire ina n-eagraíocht thar raon méadrachta. I mí na Nollag 2022, d'fhoilsigh an Roinn a céad tuarascáil ar Bhearna Pá Inscne bunaithe ar shonraí amhail an 24 Meitheamh 2022.

Bhí 965 fostaí san iomlán ag an Roinn, is mná iad 58% díobh agus is fir iad 42%, tráth an tuairiscithe. Is é 10.56% an bhearna pá inscne agus is é 48.35% céatadán na bhfostaithe baineanna laistigh den cheathairíl luach saothair uachtarach. Cuireann sé seo béim láidir ar thiomantas leanúnach na Roinne ionad oibre oscailte cuimsitheach a sholáthar ina gcaitear go cothrom le gach fostaí agus ina mbíonn rochtain chomhionann ar dheiseanna forbartha gairme acu. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-íocann an Roinn gach fostaí de réir scálaí pá na Státseirbhíse. Cuirtear na scálaí pá seo i bhfeidhm go cothrom maidir le mná agus fir araon de réir an ghráid chuí agus an phointe incrimintigh a bhaineann le seirbhís.

Déanann an Roinn a dícheall go leanúnach leis an mbearna pá idir fir agus mná a dhúnadh, deiseanna gairme a chur chun cinn do chách agus obair chumaisc a thabhairt isteach chun tionscnaimh chothromaíochta oibre-saoil a chinntiú.

### Beartas Maidir le hObair Chumaisc.

Mar chuid de thiomantas na Roinne a bheith ina Fostóir Roghnach, seoladh Beartas Oibre Cumaisc de chuid DETE i mí an Mheithimh 2022, arna threorú ag creat beartais lárnach na Státseirbhíse. D'éascaigh an polasaí d'fhormhór na foirne leas a bhaint as oibriú go cianda suas le trí lá in aghaidh na seachtaine. Thug suirbhé i mí Mheán Fómhair le fios go n-oibríonn 94% den fhoireann go rialta go cianda, agus go bhfuil bainisteoirí sásta go bhfuil a bhfoirne ag comhlíonadh cuspóirí agus riachtanais ghnó. Déanfar suirbhé agus athbhreithniú breise ar an mbeartas sa chéad leath de 2023.

Bhí gníomhaíochtaí faoi Fhoirne Nasctha (plean gníomhaíochta rannpháirtíochta a forbraíodh le linn an ghlas dúntana dianghlasála) tionscnaimh a chur chun cinn le cianobair a fheabhsú, mar shampla, leanúint leis an líonra piaraí a nascann earcaigh nua le baill foirne a bhfuil seirbhís níos faide acu, oiliúint ar éileamh agus físeáin conas-le-déanamh ar ár n-inlíon a leathnú, athbhreithniú ar phróisis ionduchtúcháin i bhfianaise oibriú cumaisc, leathnú ar an gcóras cairde chun baill foirne atá ar aistriú a chuimsiú agus ceardlanna saincheaptha a sholáthar don bhainistíocht shinsearach.

### Pleanáil i Leith an Fhórsa Saothair.

Lean próiseas ár bplean fórsa saothair (WFP) le haghaidh 2022 ag feidhmiú i dtimpeallacht oibre a cuireadh trína chéile agus ina raibh tionchar mór ag éifeachtaí oidhreachta na paindéime ar ár gcuid oibre, ar an timpeallacht ghnó agus ar ár Roinn agus ar ár ndaoine. Bhí freagairt shuntasach ón Roinn ag teastáil freisin mar gheall ar thionchar chogadh na hÚcráine.

Mhéadaigh an líon a bhí ag obair sa Roinn go 933.06 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2022, méadú ó 921.9 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2021.

Le linn 2022, b'ionann an laghdú nádúrtha, acmhainní breise agus deiseanna ardaithe céime mar 'chorradh' suntasach foirne i rith na bliana:

- 166 Iontrálaí nua,
- 102 Imithe, lena n-áirítear 40 ar scor,
- 55 Aistriú Inmheánach,
- 45 Ardú Céime.

D'fhorbair an Roinn a socruithe pleanála fórsa saothair straitéiseach le go mbeadh sí ag teacht níos fearr leis an bpróiseas pleanála gnó agus Meastachán. Mar fhreagra ar rannpháirtíocht leathan ar fud na n-aonad gnó in 2022, d'fhorbair

AD pleananna chun fórsa saothair na Roinne a earcú agus a fhorbairt.

Maidir le hearcaíocht, rinneadh teagmháil rialta leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) chun gráid ghinearálta agus roinnt sainphoist a earcú. Trí úsáid éifeachtach a bhaint as ár gceadúnas earcaíochta, bhainistigh an tAonad AD dúshláin phíblíne thallainne chun tacú leis na foirne ar fud na Roinne cuspóirí ríthábhachtacha agus tosaíochta a sholáthar. Chinntigh earcú sainscileanna don Údarás nua um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA) go raibh dóthain acmhainní ag an CEA nuair a bunaíodh é i mí Iúil 2022. Sholáthair earcaíocht spriocdhírithe do na Seirbhísí Cigireachta sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an tallann riachtanach do réigiúin Chorcaí agus an Iarthuaiscirt araon.

Lean an Roinn freisin ag obair chun a chinntiú go bhfuil dóthain tacaíochta ann don fhoireann ina naoi ngníomhaireacht agus sannacháin do na Boird Stáit faoina coimirce. Próiseáladh os cionn 100 iarratas chun déileáil le folúntais a líonadh agus le poist nua a bhunú do Ghníomhaireachtaí Stáit in 2022, agus tugadh faoi 6 fheachtas PAS chun 24 folúntas a líonadh a tháinig chun cinn ar Bhoird Stáit faoi shainchúram na Roinne.

Chun cabhrú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) freagra a thabhairt ar chúnamh na hÉireann dóibh siúd a raibh tionchar ag an gcogadh san Úcráin orthu, rinneadh cúigear ball foirne a ath-imlonnú in 2022. Fanann triúr den fhoireann seo san RLCMLÓ ar iasachtaí sínte a chuireann seirbhís luachmhar ar fáil don phobal.

Leanann an Roinn ag tabhairt tacaíochta do bhaill foirne faoi mhíchumas. Déanann an Roinn Suirbhé Daonáirimh Mhíchumais bhliantúil agus sa suirbhé is déanaí léirigh 7.01% den fhoireann go raibh míchumas acu. In 2022 thairg an Roinn socrúcháin seacht mí do bheirt chéimithe faoi mhíchumas faoin tionscadal Willing Able Mentoring (WAM). Bhí an bheirt chéimithe i dteideal páirt a ghlacadh sa chomórtas nua buanchonair theoranta a reáchtálann PAS in 2022 agus nuair a éiríonn leo tosóidh siad ar phoist bhuana sa Roinn in 2023. Ghlac an Roinn páirt freisin i Scéim Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL) den chéad uair in 2022. Earcaíodh céimí de chuid OWL tríd an gclár seo agus thosaigh sé ar fhostaíocht mar Oifigeach Seirbhísí i gcáil pháirtaimseartha bhuan laistigh d'Aonad Seirbhísí Gnó na Roinne i mí na Bealtaine 2022.

## Foghlaim agus Forbairt.

Mar gheall ar shrianta uile COVID-19 a scaoileadh i R1, 2022 tháinig roinnt oiliúint phearsanta ar ais. Chuaigh 904 (93%) den fhoireann i ngleic le ceann amháin den 451 cúrsa a chuir an tAonad Foghlama & Forbartha Gairme agus OneLearning ar fáil le linn 2022.

Lean ár dtairiscint oiliúna intí ag méadú. Reáchtáladh 16 Seisiún Faisnéise agus 17 Lón agus Foghlaim i rith na bliana. Chlúdaigh na seisiúin réimse ábhar ó Dhréachtú Scéim Ghinearálta Bille go Feasacht ar Uathachas agus ED&I. Bhí an-tóir ag an bhfoireann ar na seisiúin seo a thaifeadadh agus iad a chur ar fáil go hinmheánach tar éis na seisiún agus cuireann sé acmhainn luachmhar ar fáil d'iontrálaithe nua sa Roinn.

Mhaoinigh an Roinn 49 ball foirne freisin i gcúrsaí acadúla 3ú leibhéal in 2022 thar réimse cúrsaí i ndisciplíní atá ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne amhail Dlí Fostaíochta Feidhmeach, Dréachtú Reachtaíochta, Bainistíocht Airgeadais, Riarachán Gnó, Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Rialachas.

Lean ár gClár Meantóireachta ag feidhmiú mar uirlis shuntasach chun tacú le fás agus forbairt foirne agus ghlac 37 duine san iomlán páirt ann. Fuarthas tairiscint nua don Chóitseáil Fheidhmiúcháin agus glacadh le 17 gceannaire ar an gclár atá le teacht.

Rinneamar nuashonrú freisin ar ár gClár Ionduchtúcháin d'iontrálaithe nua, ag cruthú sraith de mhodúil ar líne le críochnú in am an iontrálaí nua féin. Cuimsíonn na modúil físeáin ó Aonaid ábhartha ar fud na Roinne agus ligeann siad d'iontrálaí nua a n-ionduchtú a chríochnú ar a luas féin. Gach ráithe, tugtar cuireadh d'iontrálaithe nua chuig imeacht Líonraithe pearsanta. I mbliana, tugadh cuireadh d'iontrálaithe nua cuairt a thabhairt ar fhoirgneamh stairiúil Shráid Chill Dara, arna óstáil i gcomhar le comhghleacaithe ó gach cuid den Roinn.

## Rannpháirtíocht Fostaithe na sTátseirbhís.

Foilsíodh torthaí an tríú Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse in 2021, agus an Roinn ag gníomhú ar na torthaí is dúshlánaí. Glacadh na gníomhartha seo in 2022 chun freagra a thabhairt ar thorthaí an tsuirbhé agus bhain siad leis an Straitéis Daoine. Áiríodh leo tabhairt isteach 'iLabs' DETE mar chuid de Sheachtain na Nuálaíochta, dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, ár mbeartas Oibrithe Cumaiscthe a achtú agus feabhas a chur ar ár dtairiscint tacaíochta d'Fhorbairt Ghairmiúil don fhoireann.

2. Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 (Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach roimhe seo).

### Rannpháirtíocht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Ionchuir.

Ag teacht lenár dtiomantas chun rannpháirtíocht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna) a chur chun cinn, sholáthair an Roinn ionchuir ar na deich sprioc SDG atá á stiúradh aici. Bhí baint ag an Roinn freisin le cur chun cinn eagrán 2023 de Chlár Curaidh an SDG agus tá ionchur curtha ar fáil aici i dtreo dréacht den Dara Plean Forfheidhmithe Náisiúnta SDG 2022-2024, a d'ullmhaigh Meitheal Idir-Rannach an SDG agus a d'fhoilsigh an Rialtas ina dhiaidh sin.

## Cumarsáid:

In 2022 bunaíodh Aonad Cumarsáide Corparáideach a thug ár bhfeidhmeanna cumarsáide inmheánacha agus seachtracha le chéile lenár nAonaid um Shaoráil Faisnéise, Seirbhísí do Chustaiméirí, na Gaeilge agus um Chosaint Sonraí.

### Seirbhísí Do Chustaiméirí/Saoráil Faisnéise/An Ghaeilge.

Chinntigh an Roinn gur cuireadh na gealltanais a tugadh maidir le soláthar seirbhísí do chustaiméirí faoi *Chairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta 2022-2024 na Roinne* i bhfeidhm, ag cinntiú go raibh seirbhísí inrochtana go hiomlán agus go raibh faisnéis phearsanta cosanta. Ina theannta sin, rinneadh ár nIonad Faisnéise Fiontair a chumasc lenár nAonad Tacaíochtaí Gnó, chun glaonna na gcustaiméirí chuig an Roinn a chuíchóiriú.

Chinntigh an Roinn freisin gur comhlíonadh gealltanais a rinneadh maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, agus na forálacha nua a tugadh isteach faoi Alt 10A *d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* á gcur i bhfeidhm. In 2022 fuair agus phróiseáil an Roinn 313 iarratas um Shaoráil Faisnéise

### Cumarsáid Sheachtrach.

Cé gur tháinig imeachtaí pearsanta ar ais in 2022 tar éis deireadh a chur le srianta COVID-19, bhí bealaí digiteacha na Roinne fós ina bpríomhbhealaí cumarsáide le geallsealbhóirí. Lean an rannpháirtíocht láidir ar leathanach LinkedIn na Roinne agus ag deireadh na bliana bhí 73,392 leantóir ann, méadú de 30%. Fuair postálacha ar leathanach LinkedIn na Roinne breis agus 4.8m imprisean i rith na bliana.

Tháinig méadú freisin ar chuntas Twitter na Roinne (@DeptEnterprise) de réir mar a mhéadaigh lucht leanúna beagnach 2,000 ó 30,850, go 32,837 le tvuíteanna ag fáil breis agus 18.7m imprisean. Bhain an rannpháirtíocht ar an dá ardán go príomha le tacaíochtaí fuinnimh do ghnó, cearta fostaithe nua cosúil le pá breoiteachta reachtúil, an ceart chun cianobair a iarraidh, tabhairt isteach an phá maireachtála, an tÍosphá Náisiúnta, Obair Shábháilte agus an Ciste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaite.

Thaifead an suíomh Gréasáin corparáideach breis agus 3.1 milliún amharc ar leathanaigh agus ar na hábhair ba mhó a raibh tóir orthu áirítear ceadanna fostaíochta, Próiseas Tarrthála Riaracháin na gComhlachtaí Beaga (SCARP), tacaí fuinnimh, cianobair, smachtbhannaí trádála agus an Ciste Nuálaíochta Teicneolaíochtaí Suaite (DTIF). Thaifead Nuachtlitir Fiontair méadú de bheagnach an tríú cuid ar leibhéil na síntiúsóirí go dtí díreach faoi bhun 3,000.

Reáchtáil an Roinn roinnt feachtais il-ardáin íoctha freisin, lena n-áirítear béim a chur ar na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthais a bhfuil tionchar ag costais fuinnimh ardaithe orthu agus na céimeanna praiticiúla a d'fhéadfadh siad a dhéanamh chun a n-úsáid fuinnimh a laghdú; tabhairt isteach Acht na gCuideachtaí (Próiseas Tarrthála do Mhionchuideachtaí agus do Mhicrichuideachtaí) 2021; cianobair; agus an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022.

### Cumarsáid Inmheánach.

Rinneadh athdhearadh ar leathanach baile inlín na Roinne chun na gnéithe is úsáidí agus is mó éileamh a chur chun cinn agus chun réimse nuachta agus fóram díospóireachta níos beoga a thabhairt isteach. Foilsíodh os cionn 370 scéal nuachta i rith na bliana a sholáthair meascán de nuacht shóisialta, folláine agus gnó agus feachtais don fhoireann, lena n-áirítear: Seachtain na Nuálaíochta; cur chun cinn na Gaeilge; rolladh amach na naoi bPlean Fiontair Réigiúnacha; agus an Beartas um Oibriú Cumaisc.

## TFC a Uasghrádú:

### Teicneolaíocht a Úsáid le hAghaidh Éifeachtúlachta agus Chun Seachadadh Seirbhíse a Sholáthar.

Le linn 2022 chuir seirbhís TFC na Roinne tús le clár chun roinnt feidhmeanna oidhreachta suntasacha a uasghrádú. Ina measc seo tá seirbhísí na Cúirte Oibreachais, Ceadúnuithe Easpórtála agus Ceadanna Fostaíochta. Aistreofar na seirbhísí go hardáin néalbhunaithe a chuirfidh ar chumas na Roinne seirbhísí nua-aimseartha, freagrúla atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar mar aon le córais bhainistíochta cásanna cúloifige éifeachtúla. Leanfar den obair forbartha le linn 2023. Ina theannta sin, cuireadh córais nua i bhfeidhm san Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus rinneadh roinnt feabhsuithe agus uasghráduithe ar chórais in Oifig um Maoine Intleachtúil na hÉireann. Rinne an Roinn uasghrádú mór ar a córais airgeadais freisin chun a chinntiú gur féidir leis na córais sin leanúint ar aghaidh ag oibriú le tacaíocht iomlán. Lean an Roinn freisin le clár forbairtí seirbhíse chun tuilleadh tacaíochta a

thabhairt d'obair chianoibrithe agus hibrideach. Rinneadh roinnt áiseanna cruinnithe a uasghrádú, go háirithe chun tacú le cruinnithe hibrideacha.

I rith na bliana, lean an Roinn ar aghaidh le clár cibearchosanta agus ullmhachta freagartha. Críochnaíodh athbhreithniú ar chibear-staidiúir na Roinne, ag tógáil mar bhunlíne ceachtanna a foghlaimíodh ó chibear-eachtraí le déanaí i gcomhlachtaí poiblí eile. D'aithin an t-athbhreithniú seo roinnt réimsí le haghaidh tuilleadh feabhais, chomh maith le líon láidir beart cibearchosanta a bhí i bhfeidhm cheana féin. Cuireadh na réimsí breise seo le feabhsú i bhfeidhm i rith na bliana. Leanfaidh an Roinn le measúnú agus tógáil ar na bearta cibearchosanta seo mar fhreagra ar an ardleibhéal leanúnach gníomhaíochta ag gníomhaithe bagairtí sa chibearspás. Lean foireann TFC na Roinne freisin ag tacú le seirbhís láidir dá foireann ar fad agus sholáthair siad comhordú leanúnach le struchtúir an Rialtais maidir le pleanáil agus freagairt éigeandála..

### eDocs.

I rith 2022, lean an Roinn ar aghaidh lena haistriú go dtí córas nua bainistíochta doiciméad agus taifead leictreonach ar a dtugtar eDocs. Cabhróidh an feidhmchlár eDocs le socruithe bainistíochta thaifead na Roinne a fheabhsú agus laghdóidh sé freisin an gá atá le comhaid pháipéir agus cabhróidh sé le "glasú" breise na Roinne le himeacht ama. Le linn 2022 cuireadh an tionscadal eDocs i bhfeidhm inár nOifigí, lena n-áirítear an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, an Oifig um Maoin Intleachtúil na hÉireann, an Chúirt Oibreachais, Clárlann na gCara-Chumann, Clár na hÚinéireachta Tairbhí, agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## Rialú Corparáideach:

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chreat Rialachais na Roinne i mí na Nollag 2022. Tá Creat Comhlíonta i bhfeidhm freisin a thugann forbhreathnú ar gach gníomhaíocht dearbhaithe comhlíonta sa Roinn.

### Bainistíocht Riosca.

Tháinig Coiste Bainistíochta Riosca na Roinne le chéile ceithre huaire le linn 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca na Roinne. Soláthraíodh roinnt seisiúin oiliúna riosca, a seachadadh go hinmheánach, d'fhoireann na Roinne.

### Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí.

In 2022, fuair an Roinn agus a cuid oifigí 48 Iarratas Rochtana Ábhar, agus próiseáladh iad seo de réir fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018. Is ionann é sin agus méadú beagnach 30% ar an mbliain roimhe sin.

### Iniúchadh Inmheánach.

Rinne Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú ar a phean oibre bliantúil in 2022 agus bhí sé fós dírithe ar rioscaí straitéiseacha agus a clár iniúchta á ghlacadh aige chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.
Cuireadh na tuarascálacha iniúchta seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta i rith na bliana:

- Athbhreithniú ar na Córais um Rialú Inmheánach 2021
- Fiontraíocht Éireann - Idirchaidreamh agus Rialachas
- Oifigí Fiontair Áitiúla - Idirchaidreamh agus Rialachas
- Athbhreithniú ar Thrasuíomh Treoracha an AE sa Roinn
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – Idirchaidreamh agus Rialachas
- Athbhreithniú ar Rialú Trádála agus Scagadh Infheistíochta
- Athbhreithniú ar Phleanáil Leanúnachais Gnó sa Roinn agus ina hoifigí

Ina theannta sin, agus mar chuid de ról comhairleach an Iniúchta Inmheánaigh, rinneadh measúnú chun machnamh a dhéanamh ar fhreagra na Roinne ar COVID-19 agus chun deiseanna a aithint chun tuilleadh claochlaithe a spreagadh ar fud na Roinne i gcás teagmhais dá leithéid amach anseo.

## Bainistíocht Foirgneamh:

### Obair Hibrideach.

Le linn 2022, choinnigh an Roinn fócas láidir ar shláinte agus sábháilteacht a foirne, is cuma an raibh siad ag obair ón mbaile nó i bhfoirgnimh na Roinne. Cuireadh an fhoireann ar an eolas go hiomlán faoin tábhacht a bhaineann lena chinntiú go raibh an timpeallacht chianoibre oiriúnach don fheidhm agus gur chloígh sí leis na caighdeáin riachtanacha lena sláinte agus sábháilteacht a chinntiú agus iad ag obair go cianda. Agus í ag tacú leis an bhfoireann, thug an Roinn faoi chlár gníomhaíochtaí lena n-áirítear seisiúin faisnéise sláinte agus sábháilteachta agus seimineáir, sainoiliúint sláinte agus sábháilteachta agus measúnuithe cianoibre don fhoireann.

I mí Feabhra 2022 rinne an Roinn maoirsiú ar aistriú sábháilte bhunús na foirne ar ais go foirgnimh na Roinne agus bhí: seisiúin faisnéise iomadúla; imscrúdú agus tástáil aip áirithinte deisce; agus físeáin tosaigh. Ina theannta sin, chinntigh an Roinn freisin nuashonruithe rialta ar ár bPrótacal Oibriú Sábháilte. Mhol an obair seo obair na gcomhghleacaithe AD maidir le Beartas Oibre cumaisc foirmiúil na Roinne a fhorbairt, a seoladh i mí an Mheithimh 2022. I ndiaidh sheoladh an bheartais, reáchtáil an tAonad Seirbhísí Gnó 26 seisiún faisnéise ar fud na Roinne agus a cuid oifigí.

### Uasghrádú ar Fhoirgnimh.

Cé gur chuir srianta COVID-19 bac mór ar chumas na foirne a bheith sna foirgnimh le linn 2021 agus sa chuid tosaigh de 2022 thug sé deiseanna chun leanúint ar aghaidh ag nuachóiriú agus ag uasghrádú réimsí thar roinnt foirgneamh. I rith 2022 uasghrádaíodh limistéir chóiríochta plean oscailte áirithe chun an acmhainn deisce a bharrfheabhsú. Ina theannta sin, rinneadh athchóiriú ar sheomraí stórála agus taifead agus athchóiríodh iad chun spásanna solúbtha a sholáthar chun tacú le spásanna oibre hibrideacha agus comhoibrithe.

## Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí Níos Leithne:

### Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla.

Áirítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 ceanglas gur cheart Athbhreithnithe Tréimhsiúla Criticiúla (PCRanna) ar Ghníomhaireachtaí Rialtais a dhéanamh gach cúig bliana. Rinneadh obair ullmhúcháin maidir le PCR de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá an t-athbhreithniú sceidealta le bheith ann go luath in 2023.

### Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Ag teacht lenár n-oibleagáidí faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Roinn tiomanta do phromhadh a dhéanamh ar a cuid polasaithe, nósanna imeachta agus seirbhísí níos leithne ar fud a réimsí gnó chun a chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a riachtanais maidir le cearta an duine agus comhionannas. In 2022, tháinig Coiste Comhairleach Míchumais (DCC) na Roinne le chéile trí huaire beagnach, agus scaipeadh ríomhphoist rialta ar na comhaltaí i rith na bliana chun faisnéis a sholáthar ar cheardlanna agus seimineáir ábhartha a reáchtáladh le linn 2022.

# Aguisín 1:

| Billí a Achtaíodh in 2022. |
|---|
| Achtaíodh an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2022 an 29 Meitheamh 2022. |
| Achtaíodh an tAcht um Shaoire Breoiteachta 2022 (Uimh. 24 de 2022) an 20 Iúil 2022. |
| Achtaíodh an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022 (Uimh. 23 de 2022) an 20 Iúil 2022. |
| Achtaíodh an tAcht um Chearta do Thomhaltóirí 2022 an 7 Samhain 2022. |
| Achtaíodh an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú) 2022 an 2 Nollaig 2022. |
| Achtaíodh an Bille um an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta 2022 an 13 Nollaig 2022. |

# Aguisín 2:

| Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2022. | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 13 de 2022 | An tAontas Eorpach (Fearais a Dhónn Breoslaí Gásacha) (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 14 de 2022 | An tAontas Eorpach (Trealamh Leictreach Ísealvoltais) (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 15 de 2022 | Na Comhphobail Eorpacha (Sábháilteacht Bréagáin) (Leasú) (Uimh.3) Rialacháin |
| I.R. Uimh. 50 de 2022 | Eagrú Ama Oibre (Cuimhneachán COVID-19) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 110 de 2022 | An tOrdú Rialaithe Fostaíochta (An Tionscal Glantacháin ar Conradha. Comhchoiste Oibreachais) 2022 |
| I.R. Uimh. 124 de 2022 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú)Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 128 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht na hAfraice Láir) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 129 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 130 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Veiniséala) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 131 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an tSiria) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 132 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta i gcoinne Sáruithe Tromchúiseacha agus Mí-Úsáidí Cearta Daonna) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 219 de 2022 | An tAcht um Chumainn Tionscail agus Coigilitis 1893 (Alt 14A (1)) (COVID-19) Ordú |
| I.R. Uimh. 220 de 2022 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A(1)) (COVID 19) 2022 |
| I.R. Uimh. 242 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta i gcoinne Sáruithe Tromchúiseacha agus Mí-Úsáidí Cearta Daonna) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 243 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 244 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Nicearagua) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 245 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an tSiria) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 246 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Túinéis Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 247 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis An tSiombáib) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 248 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |

| Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2022. | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 320 de 2022 | An tAontas Eorpach (Oibrithe a Phostú) (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 322 de 2022 | An tAontas Eorpach (Trealamh chun Atmaisféir a d'fhéadfadh A bheith Pléascach a Úsáid (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 323 de 2022 | Ardaitheoirí agus Comhpháirteanna Sábháilteachta do Threalamh Ardaitheoirí (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 324 de 2022 | An tAontas Eorpach (Trealamh Brú) (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 325 de 2022 | An tAontas Eorpach (Trealamh Cosanta Pearsanta)(Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 338 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Iaráin) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 339 de 2022 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srianta maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2022 |
| I.R. Uimh. 340 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis An tSúdáin Theas) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 348 de 2022 | An tAontas Eorpach (Sábháilteacht Bréagáin) (Leasú) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 375 de 2022 | An tAontas Eorpach (Ceart Athdhíola an Ealaíontóra) (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 380 de 2022 | An tAontas Eorpach (Athstruchtúrú Coisctheach) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 457 de 2022 | Ordú Rialaithe Fostaíochta (Seirbhís Luathbhlianta Uimh. 1 An Comhchoiste Oibreachais) 2022 |
| I.R. Uimh. 458 de 2022 | Ordú Rialaithe Fostaíochta (Seirbhís Luathbhlianta Uimh.21 An Comhchoiste Oibreachais) 2022 |
| I.R. Uimh. 501 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an tSiria) (Uimh.3) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 502 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 3) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 503 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Iaráin) (Uimh.2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 504 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht na Guine Bhissau) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 505 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Daon Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 506 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Túinéis) (Uimh.2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 543 de 2022 | An tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí).An tOrdú 2022 (Tosach Feidhme) 2022 |
| I.R. Uimh. 544 de 2022 | An tAcht um Íoc Pá 1991 (Feidhm Ailt 4B go 4F) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 545 de 2022 | An tAcht um Íoc Pá 1991 (Fógra a chur ar taispeáint) Rialacháin 2022 |

| Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2022. | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 596 de 2022 | An tOrdú fán Acht um Chearta Tomhaltóirí, 2022 (Tosach Feidhme) 2022 |
| I.R. Uimh. 597 de 2022 | An tAontas Eorpach (Ceanglas Praghsanna Táirgí a Thaispeáint)(Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 606 de 2022 | An tOrdú fán Acht um Shaoire Breoiteachta 2022 (Tosach Feidhme) 2022 |
| I.R. Uimh. 607 de 2022 | An tOrdú fán Acht um Shaoire Breoiteachta 2022 (Ráta Íocaíochta Laethúil Forordaithe)Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 622 de 2022 | An tAontas Eorpach (Sábháilteacht Bréagáin) (Leasú) (Uimh. 4)Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 631 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht na hAfraice Láir) (Uimh. 3) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 632 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Nicearagua) (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 633 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Iaráin) (Uimh.3) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 634 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 635 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta i gcoinne Iomadú agus Úsáid Airm Ceimiceacha) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 641 de 2022 | Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine 2022 |
| I.R. Uimh. 642 de 2022 | An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2022 |
| I.R. Uimh. 646 de 2022 | Acht na gCuideachtaí 2014 (Gnóthais Dícháilithe agus Srianta) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 648 de 2022 | Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A(1)) (COVID-19) (Uimh. 2) Ordú 2022 |
| I.R. Uimh. 649 de 2022 | An tAcht um Chumainn Tionscail agus Coigilitis 1893 (Alt 14A(1)) (COVID-19) (Uimh. 2) Ordú 2022 |
| I.R. Uimh. 671 de 2022 | An tAontas Eorpach (Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Fuinnimh Áirithe) (Leasú) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 686 de 2022 | An tAontas Eorpach (Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 696 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Ghuine) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 697 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Bhurúin) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 698 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir leis an Túinéis) (Uimh. 3) Rialacháin 2022) |
| I.R. Uimh. 699 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Veiniséala (Uimh. 2) Rialacháin 2022 |
| I.R. Uimh. 700 de 2022 | An tAontas Eorpach (Bearta Srianta Maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 4) Rialacháin 2022 |

# Aguisín 3:

| Soláthar Poiblí Glas. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain Tagartha 2022** | **Líon iomlán conarthaí ar fiú breis is €25,000 iad a eisíodh de réir earnáil tosaíochta** | **Luach iomlán conarthaí ar fiú breis is €25,000 iad a eisíodh de réir earnáil tosaíochta .** | **Líon iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €25,000 de réir earnáil tosaíochta a bhfuil SPG corpraithe acu** | **Luach iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €25,000 de réir earnáil tosaíochta a ionchorpraíodh SPG. Ba cheart go mbeadh gach luach gan CBL san áireamh.** |
| **Priority Sector *** | | | | |
| **Táirgí a bhaineann le fuinneamh** | 1 | €38,911 | Náid | Náid |
| **Seirbhísí Bia & Lónadóireachta** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Trealamh Téimh** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Táirgí TFC** | 4 | €1,717,136 | 2 | €1,612,000 |
| **Seirbhísí TFC** | 3 | €1,098,823 | Náid | Náid |
| **Seirbhísí Glantacháin Laistigh** | 2 | €170,578 | 1 | €136,400 |
| **Soilsiú Laistigh & Lasmuigh** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Dearadh, Tógáil & Bainistíocht Foirgnimh Oifige** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Táirgí Páipéir & Seirbhísí Priontála** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Táirgí & Seirbhísí Teicstíle** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Iompar** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Iomlán** | **10** | **€3,025,448** | **3** | **€1,748,400** |
| **Earnálacha Eile**** | | | | |
| **Seirbhísí Gairmiúla** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Traenáil** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Trealamh Saotharlainne** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Bainistíocht Áiseanna** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Meáin** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Troscán** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Taighde** | 1 | €100,000 | Náid | Náid |
| **Margaíocht** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Ceadúnú** | 1 | €30,500 | Náid | Náid |
| **Tréidliacht & Feirmeoireacht** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Eile (cuir catagóirí eile leis nuair is cuí)** | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Iomlán** | **12** | **€3,155,948** | **3** | **€1,748,400** |

* Aon earnáil déag a bhfuil critéir SPG forbartha ag an EPA ina leith, bunaithe ar chomhchritéir AE le hoiriúnuithe chun margadh na hÉireann agus cleachtais soláthair a léiriú.

** Earnálacha ar bith eile nach bhfuil clúdaithe ag critéir GPP an EPA. Tá na samplaí atá liostaithe anseo bunaithe ar thuairisciú 2020 agus 2021 ó ranna rialtas, ach cuir cinn eile leis nuair is cuí.

Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
**gov.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland